Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Lúnasa 2023**
**(OR. en)**

**12391/23**
**ADD 1**

**AGRI 469**
**AGRIFIN 99**
**AGRIORG 96**
**AGRILEG 162**
**DELACT 112**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Lúnasa 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 5448 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, táirgí áirithe torthaí agus glasraí próiseáilte agus earnáil na mbananaí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 1666/1999 ón gCoimisiún agus Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 agus (AE) Uimh. 1333/2011 ón gCoimisiún |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 5448 final - Iarscríbhinní.

Faoi iamh: C(2023) 5448 final – Iarscríbhinní.

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.8.2023
C(2023) 5448 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, táirgí áirithe torthaí agus glasraí próiseáilte agus earnáil na mbananaí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 1666/1999 ón gCoimisiún agus Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 agus (AE) Uimh. 1333/2011 ón gCoimisiún**

## IARSCRÍBHINN I

## CAIGHDEÁIN MHARGAÍOCHTA DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 2, 4 AGUS 6

### Cuid A – Caighdeán ginearálta margaíochta

Is é is cuspóir don chaighdeán ginearálta margaíochta seo na ceanglais cháilíochta maidir le torthaí agus le glasraí a shainiú, tar éis ullmhú agus pacáistiú dóibh.

Mar sin féin, sna céimeanna tar éis sheoladh na dtáirgí, i ndáil le ceanglais an chaighdeáin, féadfaidh na tréithe seo a leanas a bheith sna táirgí:

- úire agus borrthacht laghdaithe de bheagán,
- meath beag de thoradh a bhforbartha agus a gclaonta chun éagtha.

**1. Íoscheanglais**

Faoi réir na lamháltas a cheadófar, i dtaca leis na táirgí:

- beidh siad gan bhriseadh,
- beidh siad slán; i gcás táirgí a bhfuil lobhadh nó meath orthu a fhágann go bhfuil siad mí-oiriúnach lena gcaitheamh, déanfar iad a eisiamh,
- beidh siad glan, geall leis, ó aon ábhar coimhthíoch infheicthe,
- beidh siad saor, geall leis, ó lotnaidí,
- beidh siad saor ó dhamáiste arna dhéanamh ag lotnaidí a chuireann isteach ar an mbia,
- beidh siad saor ó thaise sheachtrach neamhghnách,
- beidh siad saor ó bholadh agus/nó ó bhlas coimhthíoch.
- Ní mór na táirgí a bheith i staid lena mbeidh na nithe seo a leanas indéanta:
- iad a iompar agus a láimhseáil gan dochar a dhéanamh dóibh,
- bail shásúil a bheith orthu ar shroicheadh an chinn scríbe dóibh.

**2. Íoscheanglais aibíochta**

Ní mór na táirgí a bheith forbartha go leordhóthanach, gan a bheith rófhorbartha, agus i gcás torthaí, ní mór aibíocht shásúil a léiriú, agus ní mór dóibh gan a bheith ró-aibí.

Ní mór forbairt na dtáirgí mar aon lena staid aibíochta a bheith de chineál lena gcuirfear ar chumas na dtáirgí sin leanúint dá bpróiseas aibiúcháin agus leibhéal sásúil aibíochta a bhaint amach.

**3. Lamháltas**

Ceadófar lamháltas 10 % de réir líon nó meáchan an táirge nach gcomhlíonann na híoscheanglais cháilíochta i ngach luchtóg. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 2 % de na táirgí ar an iomlán a bheith ina dtáirgí a bhfuil meath orthu.

**4. Marcáil**

Ní mór na mionsonraí seo a leanas a léiriú ar gach pacáiste[1], i litreacha arna ngrúpáil ar an taobh céanna, iad marcáilte go soléite agus go doscriosta, agus infheicthe ón taobh amuigh.

A. *Aitheantas*

Ainm agus seoladh fisiciúil an phacálaí agus/nó an riarthóra (mar shampla: sráid/cathair/réigiún/cód poist agus, murab ionann í agus an tír thionscnaimh, an tír).

Is féidir an tagairt sin a ionadú:

– i gcás gach pacáiste cé is moite de réamhphacáistí, leis an gcódmharc arna eisiúint go hoifigiúil nó a bhfuil glacadh leis agus lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir arna léiriú agus é nasctha go dlúth leis an tagairt 'Pacálaí agus/nó Riarthóir' (nó giorrúcháin choibhéiseacha). Roimh an gcódmharc, cuirfear cód tíre nó limistéir ISO 3166 (alfa) na tíre aitheanta, murab í an tír thionscnaimh í;

– i gcás réamhphacáistí amháin, trí ainm agus trí sheoladh díoltóir atá bunaithe laistigh den Aontas agus a bhaineann go dlúth leis an tagairt 'Pacáilte le haghaidh:' nó tagairt choibhéiseach. Sa chás sin, áireofar ar an lipéadú freisin cód lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir. Tabharfaidh an díoltóir gach faisnéis a mheasann an comhlacht cigireachta a bheith riachtanach maidir le brí an chóid seo.

B. *Tionscnamh*

Ainm iomlán na tíre tionscnaimh[2]. I gcás táirgí de thionscnamh Ballstáit, tabharfar an fhaisnéis sin i dteanga na tíre tionscnaimh nó in aon teanga eile ar a bhfuil tuiscint ag tomhaltóirí na tíre cinn scríbe. I gcás táirgí eile, tabharfar an fhaisnéis sin in aon teanga ar a bhfuil tomhaltóirí na tíre cinn scríbe.

Ní gá na mionsonraí a luaitear sa chéad fhomhír a bheith ar na pacáistí más rud é gur pacáistíochtaí díolacháin atá iontu, go bhfuil na pacáistíochtaí sin le feiceáil go soiléir ón taobh amuigh, agus go bhfuil na mionsonraí sin go léir orthu. Beidh na pacáistí sin saor ó aon léiriú a d'fhéadfadh a bheith míthreorach don tomhaltóir. Nuair a chuirfear na pacáistí sin ar phailléad, tabharfar na mionsonraí ar fhógra a chuirfear in áit shoiléir ar dhá thaobh ar a laghad den phailléad.

---

1 Níl feidhm ag na forálacha marcála sin maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair i bpacáistí. Mar sin féin, tá feidhm acu maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair ar leithligh.

2 Léireofar an t-ainm iomlán nó an t-ainm a úsáidtear go coitianta.

## Cuid B – Caighdeáin ghinearálta mhargaíochta

## CUID 1: CAIGHDEÁN MARGAÍOCHTA LE HAGHAIDH ÚLLA

### I. TÁIRGÍ A SHAINIÚ

Baineann an caighdeán seo le cineálacha úll (saothróga) a fásadh ó *Malus domestica* Borkh., lena soláthar don tomhaltóir agus iad úr, ach is caighdeán é sin óna n-eisiatar úlla lena bpróiseáil go tionsclaíoch.

### II. FORÁLACHA MAIDIR LE CÁILÍOCHT

Is é is cuspóir don chaighdeán na ceanglais cháilíochta maidir le húlla a shainiú, tar éis iad a ullmhú agus a phacáistiú.

Mar sin féin, sna céimeanna tar éis sheoladh na dtáirgí, i ndáil le ceanglais an chaighdeáin, féadfaidh na tréithe seo a leanas a bheith sna táirgí:

– úire agus borrthacht laghdaithe de bheagán,

– i gcás táirgí a grádaíodh in aicmí seachas an Aicme 'Breise', meathlú beag de thoradh a bhforbartha agus a gclaonta chun éagtha.

#### A. Íoscheanglais

I ngach aicme, faoi réir na bhforálacha speisialta maidir le gach aicme agus na lamháltas a cheadófar ina leith, i dtaca le húlla, ní mór na tréithe seo a leanas a bheith iontu:

– beidh siad gan bhriseadh,

– beidh siad slán; i gcás táirgí ar a bhfuil lobhadh nó meathlú a fhágann go bhfuil siad mí-oiriúnach lena gcaitheamh, déanfar iad a eisiamh,

– beidh siad glan, geall leis, ó aon ábhar coimhthíoch infheicthe,

– beidh siad saor, geall leis, ó lotnaidí,

– beidh siad saor ó dhamáiste arna dhéanamh ag lotnaidí a chuireann isteach ar an mbia,

– beidh siad saor ó chroí uisciúil tromchúiseach, cé is moite de chineálacha atá marcáilte le 'V' arna liostú san fhoscríbhinn a ghabhann leis an gcaighdeán seo,

– beidh siad saor ó thaise sheachtrach neamhghnách,

– beidh siad saor ó bholadh agus/nó ó bhlas coimhthíoch.

Ní mór forbairt na n-úll mar aon lena staid a bheith de chineál lenar féidir:

– iad a iompar agus a láimhseáil gan dochar a dhéanamh dóibh, agus

– bail shásúil a bheith orthu ar shroicheadh an chinn scríbe dóibh.

#### B. Ceanglais aibíochta

Ní mór na húlla a bheith forbartha go leordhóthanach, agus ní mór dóibh aibíocht shásúil a léiriú.

Ní mór forbairt na n-úll mar aon lena staid aibíochta a bheith de chineál lena gcuirfear ar chumas na n-úll sin leanúint dá bpróiseas aibiúcháin agus an leibhéal aibíochta is gá i ndáil leis na saintréithe cineál a bhaint amach.

Chun na ceanglais aibíochta íosta a fhíorú, is féidir roinnt paraiméadar a thabhairt san áireamh (mar shampla, an ghné mhoirfeolaíoch, an blas, an daingne agus an t-innéacs athraonmhéadrach).

**C. Aicmiú**

Aicmítear úlla i dtrí aicme a shainítear mar a leanas:

(i) Aicme 'Breise'

Úlla san aicme seo, ní mór ardcháilíocht a bheith iontu. Ní mór saintréithe an chineáil a bheith iontu[3] agus ní mór an gas a bheith gan bhriseadh.

Is iad seo a leanas saintréithe íosta an chineáil maidir le dath dromchla ar gá do na húlla iad a léiriú:

– Dath dearg a bheith ar 3/4 den dromchla iomlán i gcás dathghrúpa A,

– Dath dearg a bheith ar 1/2 den dromchla iomlán i gcás dathghrúpa B,

– dath beagáinín dearg, deargadh nó straidhpeanna a bheith ar 1/3 den dromchla iomlán i gcás dhathghrúpa C,

– níl aon íoscheanglas datha i gceist i gcás dathghrúpa D.

Ní mór an bia a bheith slán ar fad.

Ní mór iad a bheith saor ó fhabhtanna, ach amháin fabhtanna dromchlacha fíorbheaga a fhad nach gcuireann siad sin isteach ar chuma ghinearálta na dtáirgí, ar cháilíocht, ar cháilíocht coinneála ná ar chur i láthair an phacáiste:

– fabhtanna fíorbheaga sa chraiceann,

– ruachan an-bheag[4] amhail:

  – paistí donna nár cheart dul thar an gcuasghas agus a d'fhéadfadh a bheith garbh agus/nó

  – rianta beaga den ruachan thall is abhus.

(ii)Aicme I

Úlla san aicme seo, ní mór cáilíocht mhaith a bheith iontu. Ní mór saintréithe an chineáil a bheith iontu[5].

---

3 Cineálacha a aicmíodh de réir dathú agus ruachan, leagtar amach liosta neamh-uileghabhálach díobh san
fhoscríbhinn a ghabhann leis an gcaighdeán seo.

4 Cineálacha atá marcáilte le 'R' san fhoscríbhinn a ghabhann leis an gcaighdeán seo, tá siad díolmhaithe ó na forálacha maidir le ruachan.

5 Leagtar amach liosta neamh-uileghabhálach de na cineálacha lena gcuirtear ar fáil aicmiú maidir le dathú agus ruachan san
fhoscríbhinn a ghabhann leis an gcaighdeán seo.

Is iad seo a leanas saintréithe íosta an chineáil maidir le dath dromchla ar gá do na húlla iad a léiriú:

– dath dearg a bheith ar 1/2 den dromchla iomlán i gcás dhathghrúpa A,

– dath dearg measctha a bheith ar 1/3 den dromchla iomlán i gcás dhathghrúpa B,

– dath beagáinín dearg, deargadh nó straidhpeanna a bheith ar 1/10 den dromchla iomlán i gcás dhathghrúpa C,

– níl aon íoscheanglas datha i gceist i gcás dhathghrúpa D.

Ní mór an bia a bheith slán ar fad.

Is féidir na fabhtanna beaga seo a leanas a cheadú, áfach, a fhad nach gcuireann siad sin isteach ar chuma ghinearálta na dtáirgí, ar cháilíocht, ar cháilíocht coinneála ná ar chur i láthair sa phacáiste:

– fabht beag sa chruth,

– fabht beag san fhorbairt,

– fabht beag sa dathú,

– brú beag nach mó ná 1 c.$^2$ den achar dromchla iomlán agus nach dídhathú leis,

– fabhtanna beaga sa chraiceann nach ceart dul thar:

  – 2 cm ar fad i gcás fabhtanna maidir le fadú crutha,

  – 1 cm$^2$ den achar dromchla iomlán i gcás fabhtanna eile, cé is moite den ghalar carrach (*Venturia inaequalis*), nach ceart dó dul thar 0.25 c.$^2$ , carnach, ina achar,

– ruachan an-bheag[6] amhail:

  – paistí donna a d'fhéadfadh dul beagán thar na cuasghais nó na cuasphistilí ach nár cheart a bheith garbh agus/nó

  – ruachan caol is cosúil le heangach nach mó ná 1/5 de dhromchla iomlán na dtorthaí agus nach bhfuil go mór i gcodarsnacht le dathú ginearálta na dtorthaí agus/nó

  – ruachan dlúth nach mó ná 1/20 de dhromchla iomlán na dtorthaí, agus os a choinne sin

  – ruachan tanaí is cosúil le heangach agus ruachan dlúth, nuair a chuirtear le chéile iad, níor cheart gur mhó iad ná 1/5 de dhromchla iomlán na dtorthaí.

Féadfaidh an gas a bheith ar iarraidh a fhad is briseadh glan a bhíonn ann agus nach ndéantar damáiste don chraiceann taobh leis.

(iii) Aicme II

[6] Cineálacha atá marcáilte le 'R' san fhoscríbhinn a ghabhann leis an gcaighdeán seo, tá siad díolmhaithe ó na forálacha maidir le ruachan.

Áirítear san aicme seo úlla nach bhfuil incháilithe lena n-áireamh sna hardaicmí ach a chomhlíonann na híoscheanglais a sonraíodh i bpointe A.

Ní mór an bia a bheith saor ó fhabhtanna móra.

Is féidir na fabhtanna seo a leanas a cheadú, a fhad a choinníonn na húlla a mbuntréithe a mhéid a bhaineann le cáilíocht, le cáilíocht coinneála, agus le cur i láthair:

– fabhtanna sa chruth,

– fabht san fhorbairt,

– fabhtanna sa dathú,

– brú beag nach mó ná 1.5 $cm^2$ in achar agus a bhféadfadh dídhathú beag a bheith ag baint leis,

– fabhtanna sa chraiceann nach ceart dul thar:

  – 4 cm ar fhad i gcás fabhtanna maidir le cruth fadaithe,

  – 2.5 $cm^2$ den achar dromchla iomlán i gcás fabhtanna eile, cé is moite den ghalar carrach (*Venturia inaequalis*), nach ceart dó dul thar 1 $cm^2$, carnach, ina achar;

– ruachan an-bheag[7] amhail:

  – paistí donna a d'fhéadfadh dul thar na cuasghais nó na cuasphistilí agus a d'fhéadfadh a bheith beagáinín garbh agus/nó

  – ruachan caol is cosúil le heangach nach mó ná 1/2 de dhromchla iomlán na dtorthaí agus nach bhfuil go mór i gcodarsnacht le dathú ginearálta na dtorthaí agus/nó

  – ruachan dlúth nach mó ná 1/3 de dhromchla iomlán na dtorthaí, agus os a choinne sin

  – ruachan tanaí is cosúil le heangach agus ruachan dlúth, nuair a chuirtear le chéile iad, níor cheart gur mhó iad ná 1/2 de dhromchla iomlán na dtorthaí.

## III. FORÁLACHA MAIDIR LE MÉID

Is de réir thrastomhas uasta na coda meánchiorclaí nó de réir meáchain a chinntear an mhéid.

Is é 60 mm an t-íosmhéid más de réir an trastomhais a thomhaistear é. nó 90 g más de réir an mheáchain a thomhaistear é. Is féidir glacadh le torthaí ar mhéideanna níos lú, mura lú leibhéal Brix[8] na dtáirgí ná Brix 10.5° nó mura lú an mhéid ná 50 mm nó 70 g.

---

[7] Cineálacha atá marcáilte le 'R' san fhoscríbhinn a ghabhann leis an gcaighdeán seo, tá siad díolmhaithe ó na forálacha maidir le ruachan.

[8] Arna ríomh mar a thuairiscítear sa treoir ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta maidir le tástálacha oibiachtúla, atá ar fáil ag: http://www.oecd.org/agriculture/fruit-vegetables/publications.

Chun an aonfhoirmeacht maidir le méid a áirithiú, ní rachaidh an raon maidir le méid idir na táirgí sa phacáiste céanna thar na méideanna seo a leanas:

(a) i gcás torthaí, de réir an trastomhais:

– 5 mm i gcás thorthaí na hAicme 'Breise' agus i gcás thorthaí Aicmí I agus II a pacáladh i rónna agus i sraitheanna. Mar sin féin, i gcás cineálacha úll Bramley's Seedling (Bramley, Triomphe de Kiel) agus Horneburger, féadfaidh sé go mbeidh difear 10 mm sa trastomhas, agus

– 10 mm i gcás thorthaí Aicme I a pacáladh i bpacáistíochtaí díolacháin nó torthaí scaoilte sa phacáiste. Mar sin féin, i gcás cineálacha úll Bramley's Seedling (Bramley, Triomphe de Kiel) agus Horneburger, féadfaidh sé go mbeidh difear 20 mm sa trastomhas.

(b) i gcás torthaí, de réir an trastomhais:

– I gcás úlla na hAicme 'Breise' agus i gcás úlla Aicmí I agus II a pacáladh i rónna agus i sraitheanna.

–

| Raon (g) | Difríocht sa mheáchan (g) |
|---|---|
| 70-90 bliain d’aois | 15 g |
| 91-135 | 20 g |
| 136-200 | 30 g |
| 201-300 | 40 g |
| > 300 | 50 g |

– I gcás thorthaí Aicme I a pacáladh i bpacáistíochtaí díolacháin nó torthaí scaoilte sa phacáiste:

| Raon (g) | Aonfhoirmeacht (g) |
|---|---|
| 70-135 | 35 |
| 136-300 | 70 |
| > 300 | 100 |

Níl ceanglas maidir le haonfhoirmeacht ó thaobh méide de i gcás thorthaí Aicme II a pacáladh i bpacáistíochtaí díolacháin nó torthaí scaoilte sa phacáiste.

Cineálacha mionúll atá marcáilte le ‘M’ san fhoscríbhinn a ghabhann leis an gcaighdeán seo, tá siad díolmhaithe ó na forálacha méide. Ní mór do na mionchineálacha sin leibhéal íosta Brix[9] 12° a bheith acu.

## IV. FORÁLACHA MAIDIR LE LÁMHALTAIS

Ag gach céim mhargaíochta, ceadófar lamhháltais maidir le cáilíocht agus le méid i ngach luchtóg le haghaidh táirgí nach gcomhlíonann ceanglais na haicme a léirítear.

### A. Lamhháltais cháilíochta

(i) Aicme ‘Breise’

Is lamhháltas iomlán 5 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le húlla nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ach a chomhlíonann ceanglais Aicme I. Laistigh den lamhháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 0.5 % san iomlán de tháirgí a bheith ann a chomhlíonann ceanglais cháilíocht Aicme II.

9 Arna ríomh mar a thuairiscítear sa treoir ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta maidir le tástálacha oibiachtúla, atá ar fáil ag: http://www.oecd.org/agriculture/fruit-vegetables/publications.

(ii)Aicme I

Is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le húlla nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ach a chomhlíonann ceanglais Aicme II. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 1 % san iomlán de tháirgí a bheith ann nach gcomhlíonann ceanglais cháilíocht Aicme II, nó de tháirgí a bhfuil meath orthu.

(iii) Aicme II

Is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le húlla nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ná na híoscheanglais. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 2 % san iomlán de tháirgí a bheith ann a bhfuil meath orthu.

**B. Lamháltais mhéide**

I gcás gach aicme: is lamháltas iomlán 10 % d'úlla a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, a mhéid a bhaineann le méid. Ní féidir an lamháltas sin a leathnú chuig táirgí ar an méid seo a leanas:

– trastomhas íosta is lú ná 5 mm,

– meáchan íosta is lú ná 10 g.

## V. FORÁLACHA MAIDIR LE CUR I LÁTHAIR

**A. Aonfhoirmeacht**

Ní mór inneachar gach pacáiste a bheith aonfhoirmeach agus ní bheidh ann ach úlla ar den tionscnamh céanna iad, den chineál nó den chineál tráchtála céanna iad, den cháilíocht chéanna iad agus atá ar an méid chéanna (más méid iad) agus ar an leibhéal céanna aibíochta.

I gcás na hAicme 'Breise', tá feidhm ag an aonfhoirmeacht freisin maidir le dathú.

Mar sin féin, Is féidir meascán cineálacha úll a bhfuil difear soiléir eatarthu a phacáil in éineacht i bpacáistíocht díolacháin a fhad atá siad sin aonfhoirmeach maidir le cáilíocht agus, i gcás gach cineáil lena mbaineann, go bhfuil siad aonfhoirmeach maidir le tionscnamh. Ní gá aonfhoirmeacht maidir le méid.

Ní mór an chuid d'inneachar an phacáiste atá infheicthe a bheith ionadaíoch ar an inneachar ar fad. Níor cheart go dtiocfadh fabhtanna sa bhia ná sa chraiceann de thoradh faisnéis arna marcáil ar thorthaí aonair le léasar.

**B. Pacáistiú**

Ní mór na húlla a phacáil ar bhealach lena mbeidh cosaint cheart ag na táirgí. Go háirithe, pacáistíochtaí díolacháin ar mó a ngleanmheáchan ná 3 kg, beidh siad sin sách docht lena áirithiú go mbeidh cosaint cheart ag na táirgí.

Ní mór na hábhair a úsáidtear laistigh den phacáiste a bheith glan agus de cháilíocht lena seachnófar aon dochar seachtrach nó inmheánach do na táirgí. Maidir le hábhair, go háirithe páipéar nó stampaí a bhfuil sonraíochtaí trádála orthu, is féidir iad a úsáid a fhad a dhéantar an cló nó an lipéadú le dúch nó le gliú nach bhfuil tocsaineach.

Maidir le greamáin a ghreamófar ar leithligh de na táirgí, nuair a bhainfear iad, ní fhágfar rianta infheicthe gliú ina ndiaidh, ná ní bheidh fabhtanna sa chraiceann dá ndeasca.

Ní mór gach pacáiste a bheith saor ó gach ábhar coimhthíoch.

## VI. FORÁLACHA MAIDIR LE MARCÁIL

Ní mór na mionsonraí seo a leanas a léiriú ar gach pacáiste[10], i litreacha arna ngrúpáil ar an taobh céanna, iad marcáilte go soléite agus go doscriosta, agus infheicthe ón taobh amuigh.

### A. Aitheantas

Ainm agus seoladh fisiciúil an phacálaí agus/nó an riarthóra (mar shampla, sráid/cathair/réigiún/cód poist agus, murab ionann agus an tír thionscnaimh, an tír).

Is féidir an tagairt sin a ionadú:

– i gcás gach pacáiste cé is moite de réamhphacáistí, leis an gcódmharc arna eisiúint go hoifigiúil nó a bhfuil glacadh leis agus lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir a bhaineann go dlúth leis an tagairt ‘Pacálaí agus/nó Riarthóir’ (nó giorrúcháin choibhéiseacha). Roimh an gcódmharc, cuirfear cód tíre nó limistéir ISO 3166 (alfa) na tíre aitheanta, murab í an tír thionscnaimh í;

– i gcás réamhphacáistí amháin, trí ainm agus trí sheoladh díoltóir atá bunaithe laistigh den Aontas agus a bhaineann go dlúth leis an tagairt ‘Pacáilte le haghaidh:’ nó tagairt choibhéiseach. Sa chás sin, áireofar ar an lipéadú freisin cód lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir. Tabharfaidh an díoltóir gach faisnéis a mheasann an comhlacht cigireachta a bheith riachtanach maidir le brí an chóid seo.

### B. Cineál na dtáirgí

– ‘Úlla’ mura bhfuil an t-inneachar le feiceáil ón taobh amuigh.

– Ainm an chineáil. I gcás meascán cineálacha úll a bhfuil difear soiléir eatarthu, ainmneacha na gcineálacha éagsúla.
Is féidir comhchiallach a chur in ionad ainm an chineáil. Ní féidir trádainm[11] a thabhairt ach amháin i dteannta an chineáil nó an téarma chomhchiallaigh.
I gcás sóiteáin a bhfuil cosaint ainm an chineáil acu, is féidir bunainm an chineáil a ionadú le hainm an chineáil. I gcás sóiteáin nach bhfuil cosaint ainm an chineáil acu, is sa bhreis ar bhunainm an chineáil amháin is féidir ainm sin an tsóiteáin a léiriú.

– ‘Mionchineál’, i gcás inarb iomchuí.

### C. Tionscnamh na dtáirgí

[10] Níl feidhm ag na forálacha marcála sin maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair i bpacáistí. Mar sin féin, tá feidhm acu maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair ar leithligh.

[11] Is féidir le trádainm a bheith ina thrádmharc a bhfuil cosaint á lorg nó a bhfuil cosaint faighte ina leith, nó is féidir aon ainmníocht tráchtála eile a bheith ann.

Tír thionscnaimh[12] agus, más inmhianaithe, ainm an cheantair inar fásadh na táirgí, nó ainm náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil.

I gcás meascán cineálacha úll a bhfuil difear soiléir eatarthu, agus ar de thionscnaimh éagsúla iad, is taobh le hainm an chineáil lena mbaineann a thabharfar an léiriú faoin tír thionscnaimh i ngach cás.

12 Léireofar an t-ainm iomlán nó an t-ainm a úsáidtear go coitianta.

**D. Sonraíochtaí tráchtála**

- Aicme
- Méid, nó i gcás torthaí a pacáladh i rónna agus sraitheanna, líon na n-aonad.

Más de réir méide a shainaithnítear na torthaí, ba cheart é sin a shloinneadh:

(a) mar thrastomhais íosta agus uasta nó mar mheáchain íosta agus uasta, i gcás na dtáirgí atá faoi réir na rialacha aonfhoirmeachta;

(b) más inmhianaithe, i gcás na dtáirgí nach bhfuil faoi réir na rialacha aonfhoirmeachta, mar thrastomhas nó mar mheáchan na dtorthaí is lú sa phacáiste agus na focail 'agus os cionn' ina dhiaidh sin nó, i gcás inarb iomchuí, trastomhas nó meáchan na dtorthaí is mó sa phacáiste ina dhiaidh sin.

**E. Marc oifigiúil cáilíochta (roghnach)**

Ní gá na mionsonraí a luaitear sa chéad fhomhír de phointe VI a bheith ar na pacáistí más rud é gur pacáistíochtaí díolacháin atá iontu, go bhfuil na pacáistíochtaí sin le feiceáil go soiléir ón taobh amuigh, agus go bhfuil na mionsonraí sin go léir orthu. Beidh na pacáistí sin saor ó aon léiriú a d'fhéadfadh a bheith míthreorach. Nuair a chuirfear na pacáistí sin ar phailléad, tabharfar na mionsonraí ar fhógra a chuirfear in áit shoiléir ar dhá thaobh ar a laghad den phailléad.

## Aguisín

## Liosta neamh-uileghabhálach de chineálacha úll

Ní mór cineálacha torthaí nach bhfuil mar chuid den liosta a ghrádú de réir saintréithe a gcineáil.

Is féidir roinnt de na cineálacha atá liostaithe sa tábla seo a leanas a mhargú faoi ainmneacha a bhfuil cosaint trádmharcanna á lorg nó a bhfuil cosaint trádmharcanna faighte ina leith, i dtír amháin ar a laghad. Níl sé i gceist na trádmharcanna sin a áireamh sna chéad trí cinn de cholúin an tábla seo thíos. Is chun críoch faisnéise amháin a áiríodh tagairtí do thrádmharcanna aitheanta sa cheathrú colún.

Eochair eolais:

M = mionchineál

R = cineál ruachana

V = croí uisciúil

* = sóiteán gan cosaint chineáil ach atá nasctha le trádmharc cláraithe/faoi chosaint; is cineálacha faoi chosaint iad sóiteáin nach bhfuil marcáilte leis an réiltín

| Cineálacha | Sóiteán | Comhchiallaigh | Trádmharcanna | Dathghrúpa | Sonraíochtaí breise |
|---|---|---|---|---|---|
| African Red | | | African Carmine ™ | B | |
| Akane | | Tohoku 3, Primerouge | | B | |
| | | | | | |
| Alkmene | | Early Windsor | | C | |
| | | | | | |
| Alwa | | | | B | |
| Amasya | | | | B | |
| Ambrosia | | | Ambrosia ® | B | |
| | | | | | |
| Annurca | | | | B | |
| | | | | | |
| Ariane | | | Les Naturianes ® | B | |
| Arlet | | Swiss Gourmet | | B | R |
| | | | | | |
| AW 106 | | | Sapora ® | C | |

| **Cineálacha** | **Sóiteán** | **Comhchiallaigh** | **Trádmharcanna** | **Dathghrúpa** | **Sonraíochtaí breise** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| Belgica | | | | B | |
| Belle de Boskoop | | Schone van Boskoop, Goudreinette | | D | R |
| | | | | | |
| | Boskoop rouge | Red Boskoop, Roter Boskoop, Rode Boskoop | | B | R |
| | Boskoop Valastrid | | | B | R |
| | | | | | |
| Berlepsch | | Freiherr von Berlepsch | | C | |
| | | | | | |
| | Berlepsch rouge | Red Berlepsch, Roter Berlepsch | | B | |
| Bonita | | | | A | |
| Braeburn | | | | B | |
| | | | | | |
| | Hidala | | Hillwell ® | A | |
| | Joburn | | Aurora ™,<br>Red Braeburn ™,<br>Southern Rose ™ | A | |
| | Lochbuie Red Braeburn | | | A | |
| | Mahana Red Braeburn | | Redfield ® | A | |
| | Mariri Red | | Eve ™, Aporo ® | A | |
| | | | | | |
| | Royal Braeburn | | | A | |
| Bramley's Seedling | | Bramley, Triomphe de Kiel | | D | |

| Cineálacha | Sóiteán | Comhchiallaigh | Trádmharcanna | Dathghr úpa | Sonraíochtaí breise |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| Cardinal | | | | B | |
| | | | | | |
| Caudle | | | Cameo ®, Camela® | B | |
| | Cauflight | | Cameo ®, Camela® | A | |
| | | | | | |
| CIV323 | | | Isaaq ® | B | |
| CIVG198 | | | Modi ® | A | |
| Civni | | | Rubens ® | B | |
| Collina | | | | C | |
| Coop 38 | | | Goldrush ®, Delisdor ® | D | R |
| Coop 39 | | | Crimson Crisp ® | A | |
| Coop 43 | | | Juliet ® | B | |
| Coromandel Red | | Corodel | | A | |
| Cortland | | | | B | |
| Cox's Orange Pippin | | Cox orange, Cox's O.P. | | C | R |
| | | | | | |
| Cripps Pink | | | Pink Lady ®, Flavor Rose ® | C | |
| | | | | | |
| | Lady in Red | | Pink Lady ® | B | |
| | Rosy Glow | | Pink Lady ® | B | |
| | Ruby Pink | | | B | |
| Cripps Red | | | Sundowner ™, Joya ® | B | |
| Dalinbel | | | Antares ® | B | R |
| Dalitron | | | Altess ® | D | |

| **Cineálacha** | **Sóiteán** | **Comhchiallaigh** | **Trádmharcanna** | **Dathghrúpa** | **Sonraíochtaí breise** |
|---|---|---|---|---|---|
| Delblush | | | Tentation ® | D | |
| Delcorf | | | Delbarestivale ® | C | |
| | | | | | |
| | Celeste | | | B | |
| | Bruggers Festivale | | Sissired ® | A | |
| | Dalili | | Ambassy ® | A | |
| | Wonik* | | Appache ® | A | |
| | | | | | |
| Delcoros | | | Autento ® | A | |
| Delgollune | | | Delbard Jubilé ® | B | |
| Delicious ordinaire | | Ordinary Delicious | | B | |
| | | | | | |
| Discovery | | | | C | |
| | | | | | |
| Dykmanns Zoet | | | | C | |
| Egremont Russet | | | | D | R |
| | | | | | |
| Elise | | De Roblos, Red Delight | | A | |
| | | | | | |
| Elstar | | | | C | |
| | | | | | |
| | Bel-El | | Red Elswout ® | C | |
| | Daliest | | Elista ® | C | |
| | Daliter | | Elton ™ | C | |
| | Elshof | | | C | |

| Cineálacha | Sóiteán | Comhchiallaigh | Trádmharcanna | Dathghrúpa | Sonraíochtaí breise |
|---|---|---|---|---|---|
| | Elstar Boerekamp | | Excellent Star ® | C | |
| | Elstar Palm | | Elstar PCP ® | C | |
| | Goedhof | | Elnica ® | C | |
| | Red Elstar | | | C | |
| | RNA9842 | | Red Flame ® | C | |
| | Valstar | | | C | |
| | Vermuel | | Elrosa ® | C | |
| Empire | | | | A | |
| Fengapi | | | Tessa ® | B | |
| Fiesta | | Red Pippin | | C | |
| | | | | | |
| Fresco | | | Wellant ® | B | R |
| Fuji | | | | B | V |
| | | | | | |
| | Aztec | | Fuji Zhen ® | A | V |
| | Brak | | Fuji Kiku ® 8 | B | V |
| | FUCIV51 | | SAN-CIV ® | A | V |
| | Fuji Fubrax | | Fuji Kiku ® Fubrax | B | V |
| | Fuji Supreme | | | A | V |
| | Fuji VW | | King Fuji ® | A | V |
| | Heisei Fuji | | Beni Shogun ® | A | V |
| | Raku-Raku | | | B | V |
| Gala | | | | C | |
| | Alvina | | | A | |
| | ANABP 01 | | Bravo ™ | A | |
| | Baigent | | Brookfield ® | A | |
| | Bigigalaprim | | Early Red Gala ® | B | |

| Cineálacha | Sóiteán | Comhchiallaigh | Trádmharcanna | Dathghrúpa | Sonraíochtaí breise |
|---|---|---|---|---|---|
| | Devil Gala | | | A | |
| | Fengal | | Gala Venus | A | |
| | Gala Schnico | | Schniga ® | A | |
| | Gala Schnico Red | | Schniga ® | A | |
| | Galafresh | | Breeze ® | A | |
| | Galaval | | | A | |
| | Galaxy | | Selekta ® | B | |
| | Gilmac | | Neon ® | A | |
| | Imperial Gala | | | B | |
| | Jugala | | | B | |
| | Mitchgla | | Mondial Gala ® | B | |
| | Natali Gala | | | B | |
| | | | | | |
| | Regal Prince | | Gala Must ® | B | |
| | Royal Beaut | | | A | |
| | Simmons | | Buckeye ® Gala | A | |
| | Tenroy | | Royal Gala ® | B | |
| | ZoukG1 | | Gala One® | A | |
| Galmac | | | Camelot ® | B | |
| Gloster | | | | B | |
| | | | | | |
| Golden 972 | | | | D | |
| Golden Delicious | | Golden | | D | |
| | | | | | |
| | CG10 Yellow Delicious | | Smothee ® | D | |
| | Golden Delicious | | Reinders ® | D | |

| Cineálacha | Sóiteán | Comhchiallaigh | Trádmharcanna | Dathghrúpa | Sonraíochtaí breise |
|---|---|---|---|---|---|
| | Reinders | | | | |
| | Golden Parsi | | Da Rosa ® | D | |
| | Leratess | | Pink Gold ® | D | |
| | Quemoni | | Rosagold ® | D | |
| | | | | | |
| Goldstar | | | Rezista Gold Granny ® | D | |
| Gradigold | | | Golden Supreme ™, Golden Extreme ™ | D | |
| Gradiyel | | | Goldkiss ® | D | |
| Granny Smith | | | | D | |
| | Dalivair | | Challenger ® | D | |
| | | | | | |
| Gravensteiner | | Gravenstein | | D | |
| GS 66 | | | Fräulein ® | B | |
| HC2-1 | | | Easy pep's! Zingy ® | A | |
| Hokuto | | | | C | |
| Holsteiner Cox | | Holstein | | C | R |
| | | | | | |
| Honeycrisp | | | Honeycrunch ® | C | |
| | | | | | |
| Horneburger | | | | D | |
| | | | | | |
| Idared | | | | B | |
| | Idaredest | | | B | |
| | Najdared | | | B | |
| | | | | | |
| Ingrid Marie | | | | B | R |

| **Cineálacha** | **Sóiteán** | **Comhchiallaigh** | **Trádmharcanna** | **Dathghrúpa** | **Sonraíochtaí breise** |
|---|---|---|---|---|---|
| Inored | | | Story ®, LoliPop ® | A | |
| James Grieve | | | | D | |
| | | | | | |
| Jonagold | | | | C | |
| | | | | | |
| | Early Jonagold | | Milenga ® | C | |
| | Dalyrian | | | C | |
| | Decosta | | | C | |
| | | | | | |
| | Jonagold Boerekamp | | Early Queen ® | C | |
| | | | | | |
| | Jonagold Novajo | Veulemanns | | C | |
| | Jonagored | | Morren's Jonagored ® | C | |
| | Jonagored Supra | | Morren's Jonagored ® Supra ® | C | |
| | | | | | |
| | Red Jonaprince | | Wilton's ®, Red Prince ® | C | |
| | | | | | |
| | Rubinstar | | | C | |
| | Schneica | Jonica | | C | |
| | Vivista | | | C | |
| | | | | | |
| Jonathan | | | | B | |
| | | | | | |
| Karmijn de Sonnaville | | | | C | R |

| Cineálacha | Sóiteán | Comhchiallaigh | Trádmharcanna | Dathghrúpa | Sonraíochtaí breise |
|---|---|---|---|---|---|
| Kizuri | | | Morgana ® | B | |
| Ladina | | | | A | |
| La Flamboyante | | | Mairac ® | B | |
| Laxton's Superb | | | | C | R |
| Ligol | | | | B | |
| Lobo | | | | B | |
| | | | | | |
| Lurefresh | | | Redlove ® Era ® | A | |
| Lureprec | | | Redlove ® Circe ® | A | |
| Luregust | | | Redlove ® Calypso ® | A | |
| Luresweet | | | Redlove ® Odysso ® | A | |
| Maigold | | | | B | |
| Maribelle | | | Lola ® | B | |
| MC38 | | | Crimson Snow ® | A | |
| McIntosh | | | | B | |
| | | | | | |
| Melrose | | | | C | |
| | | | | | |
| Milwa | | | Diwa ®, Junami ® | B | |
| Minneiska | | | SweeTango ® | B | |
| Moonglo | | | | C | |
| Morgenduft | | Imperatore | | B | |
| Mountain Cove | | | Ginger Gold ™ | D | |
| Mored | | | Joly Red ® | A | |
| Mutsu | | Crispin | | D | |
| Newton | | | | C | |

| Cineálacha | Sóiteán | Comhchiallaigh | Trádmharcanna | Dathghr úpa | Sonraíochtaí breise |
|---|---|---|---|---|---|
| Nicogreen | | | Greenstar ® | D | |
| Nicoter | | | Kanzi ® | B | |
| Northern Spy | | | | C | |
| Ohrin | | Orin | | D | |
| | | | | | |
| Paula Red | | | | B | |
| | | | | | |
| Pinova | | | Corail ® | C | |
| | RoHo 3615 | | Evelina ® | B | |
| | | | | | |
| Piros | | | | C | |
| Plumac | | | Koru ® | B | |
| Prem A153 | | | Lemonade ®,<br>Honeymoon ® | C | |
| Prem A17 | | | Smitten ® | C | |
| Prem A280 | | | Sweetie™ | B | |
| Prem A96 | | | Rockit ™ | B | M |
| R201 | | | Kissabel ® Rouge | A | |
| Rafzubin | | | Rubinette ® | C | |
| | Frubaur | | Rubinette ®<br>Rossina | A | |
| | Rafzubex | | Rubinette ® Rosso | A | |
| Rajka | | | Rezista Romelike ® | B | |
| Regalyou | | | Candine ® | ~~A~~ | |
| Red Delicious | | Rouge américaine | | A | |
| | | | | | |
| | Campsur | | Red Chief ® | A | |
| | Erovan | | Early Red One ® | A | |

| Cineálacha | Sóiteán | Comhchiallaigh | Trádmharcanna | Dathghrúpa | Sonraíochtaí breise |
|---|---|---|---|---|---|
| | Evasni | | Scarlet Spur ® | A | |
| | | | | | |
| | Stark Delicious | | | A | |
| | Starking | | | C | |
| | Starkrimson | | | A | |
| | Starkspur | | | A | |
| | Topred | | | A | |
| | Trumdor | | Oregon Spur Delicious ® | A | |
| | | | | | |
| Reine des Reinettes | | Gold Parmoné, Goldparmäne | | C | V |
| | | | | | |
| Reinette grise du Canada | | Graue Kanadarenette, Renetta Canada | | D | R |
| RM1 | | | Red Moon ® | A | |
| Rome Beauty | | Belle de Rome, Rome, Rome Sport | | B | |
| RS1 | | | Red Moon ® | A | |
| Rubelit | | | | A | |
| Rubin | | | | C | |
| | | | | | |
| Rubinola | | | | B | |
| | | | | | |
| Šampion | | Shampion, Champion, Szampion | | B | |
| | Reno 2 | | | A | |
| | Šampion Arno | Szampion Arno | | A | |
| Santana | | | | B | |

| Cineálacha | Sóiteán | Comhchiallaigh | Trádmharcanna | Dathghr úpa | Sonraíochtaí breise |
|---|---|---|---|---|---|
| Sciearly | | | Pacific Beauty ™,<br>NZ Beauty | A | |
| Scifresh | | | Jazz ™ | B | |
| Sciglo | | | Southern Snap ™ | A | |
| Scilate | | | Envy ® | B | |
| Sciray | | GS48 | | A | |
| Scired | | | NZ Queen | A | R |
| Sciros | | | Pacific Rose ™,<br>NZ Rose | A | |
| Senshu | | | | C | |
| Shinano Gold | | | Yello ® | D | |
| Spartan | | | | A | |
| SQ 159 | | | Natyra ®,<br>Magic Star ® | A | |
| Stayman | | | | B | |
| | | | | | |
| Summerred | | | | B | |
| | | | | | |
| Sunrise | | | | A | |
| Sunset | | | | D | R |
| Suntan | | | | D | R |
| Sweet Caroline | | | | C | |
| TCL3 | | | Posy ® | A | |
| Topaz | | | | B | |
| Tydeman's Early Worcester | | Tydeman's Early | | B | |
| Tsugaru | | | | C | |
| UEB32642 | | | Opal ® | D | |
| WA 2 | | | Sunrise Magic ™ | A | |

| Cineálacha | Sóiteán | Comhchiallaigh | Trádmharcanna | Dathghrúpa | Sonraíochtaí breise |
|---|---|---|---|---|---|
| WA 38 | | | Cosmic Crisp ™ | A | |
| Worcester Pearmain | | | | B | |
| Xeleven | | | Swing ® natural more | A | |
| York | | | | B | |
| Zari | | | | B | |
| Zouk 16 | | | Flanders Pink ®,<br>Mariposa ® | B | |
| Zouk 31 | | | Rubisgold ® | D | |
| Zouk 32 | | | Coryphée ® | A | |

## CUID 2: CAIGHDEÁN MARGAÍOCHTA LE HAGHAIDH TORTHAÍ CITRIS

### I. TÁIRGÍ A SHAINIÚ

Baineann an caighdeán seo le torthaí citris de chineálacha (saothróga) a fásadh ó na speicis seo a leanas, lena soláthar don tomhaltóir agus iad úr, caighdeán óna n-eisiatar torthaí citris lena bpróiseáil go tionsclaíoch:

– líomóidí a fásadh ón speiceas Citrus limon (L.) Burm. f. agus hibridí díobh,

– Líomaí Peirseacha a fásadh ón speiceas Citrus latifolia (Yu. Tanaka) Tanaka, mórlíoma aigéid ar a dtugtar Bearss nó Tahiti agus hibridí díobh,

– Líomaí Meicsiceacha a fásadh ón speiceas Citrus aurantiifolia (Christm.) Swingle, ar a dtugtar líomaí géara agus líomaí na sceireacha agus hibridí díobh,

– Líomaí milse Indiaigh, líomaí milse na Palaistíne a fásadh ón speiceas Citrus limettioides Tanaka agus hibridí díobh,

– mandairíní a fásadh ón speiceas Citrus reticulata Blanco, lena n-áirítear satsúmaí (Citrus unshiu Marcow), cleimintíní (Citrus clementina hort. ex Tanaka), oráistí mandairín (Citrus deliciosa De Ten.) agus táinséiríní ( Citrus tangerina Tanaka ) a fásadh ó na speicis sin agus hibridí díobh,

– oráistí a fásadh ón speiceas Citrus sinensis (L.) Osbeck agus hibridí de,

– seadóga a fásadh ón speiceas Citrus paradisi Macfad agus hibridí de,

– pummelos nó Shaddock a fásadh ón speiceas Citrus maxima (Burm.) Merr. Agus hibridí de.

### II. FORÁLACHA MAIDIR LE CÁILÍOCHT

Is é is cuspóir don chaighdeán na ceanglais cháilíochta maidir le torthaí citris a shainiú, tar éis ullmhú agus pacáistiú dóibh.

Mar sin féin, sna céimeanna tar éis sheoladh na dtáirgí, i ndáil le ceanglais an chaighdeáin, féadfaidh na tréithe seo a leanas a bheith sna táirgí:

– úire agus borrthacht laghdaithe de bheagán,

– i gcás táirgí a grádaíodh in aicmí seachas an Aicme ‘Breise’, meathlú beag de thoradh a bhforbartha agus a gclaonta chun éagtha.

#### A. Íoscheanglais

I ngach rang, faoi réir na bhforálacha speisialta le haghaidh gach aicme agus na lamháltas a cheadaítear, i dtaca le torthaí citris:

– beidh siad gan bhriseadh,

– saor ó bhrú agus/nó ó ghearrthacha forleathana arna gcneasú,

– beidh siad slán; i gcás táirgí ar a bhfuil lobhadh nó meathlú a fhágann go bhfuil siad mí-oiriúnach lena gcaitheamh, déanfar iad a eisiamh,

– beidh siad glan, geall leis, ó aon ábhar coimhthíoch infheicthe,

– beidh siad saor, geall leis, ó lotnaidí,

– beidh siad saor ó dhamáiste arna dhéanamh ag lotnaidí a chuireann isteach ar an mbia,

– saor ó chomharthaí seargtha agus díhiodráitithe,

– saor ó dhamáiste arb í teocht íseal nó sioc is cúis leis,

– beidh siad saor ó thaise sheachtrach neamhghnách,

– beidh siad saor ó bholadh agus/nó ó bhlas coimhthíoch.

Ní mór forbairt na dtorthaí citris mar aon lena staid a bheith de chineál lenar féidir:

– iad a iompar agus a láimhseáil gan dochar a dhéanamh dóibh, agus

– bail shásúil a bheith orthu ar shroicheadh an chinn scríbe dóibh.

**B. Ceanglais aibíochta**

Ní mór leibhéal cuí forbartha agus aibíochta a bheith sroichte ag an toradh citris, ag féachaint do chritéir an chineáil, an trátha a piocadh agus an limistéir saothrúcháin.

Sainítear aibíocht torthaí citris sna paraiméadair seo a leanas arna sonrú i gcás gach speicis mar a leanas:

– méid íosta cion sú,

– íoschion iomlán na solad intuaslagtha, i.e. íosmhéid siúcra,

– cóimheas íosta siúcra/aigéad[13],

– dathú.

Déanfar céim an dathaithe ar bhealach lena n-áiritheofar gurb é dath a bheidh ar na torthaí citris, tar éis na gnáthfhorbartha, an dath atá tipiciúil dá gcineál ar theacht in aibíocht dóibh.

[13] Arna ríomh mar a thuairiscítear sa treoir ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta maidir le tástálacha oibiachtúla, atá ar fáil ag: http://www.oecd.org/agriculture/fruit-vegetables/publications/guidelines-on-objective-tests.pdf.

| | Íoschion sú (%) | Íosmhéid siúcra (°Brix) | Cóimheas siúcra/aigéid íosta | Dathú |
|---|---|---|---|---|
| Líomóidí | 20 | | | Ní mór an dathú a bheith tipiciúil den chineál. Ceadaítear torthaí de dhath glas (seachas glas trom) a fhad a chomhlíonann siad na híoscheanglais maidir le cion sú |
| | Líomaí | | | |
| Líoma Peirseach | 42 | | | Ba cheart an toradh a bheith glas ach is féidir paistí buí a bheith ann suas go dtí 30 % dá dhromchla i gcás líomaí Peirseacha agus suas go dtí 20 % i gcás líomaí Meicsiceacha agus Indiacha |
| Meicsiceach agus<br>Indiach milis<br>líomaí milse | 40 | | | |
| | Satsúmaí, cleimintíní, cineálacha mandairín eile agus a hibridí | | | |
| Satsúmaí | 33 | | 6.5:1 | Ar aon trian ar a laghad de dhromchla na dtorthaí, ní mór an dathú a bheith tipiciúil den chineál |
| Cleimintíní | 40 | | 7.0:1 | |
| Cineálacha mandairín eile agus a hibridí | 33 | | 7.5:1[14] | |
| | Oráistí | | | |
| Oráistí craoraga | 30 | | 6.5:1 | Ní mór an dathú a bheith tipiciúil den chineál. Ceadaítear torthaí de dhath glas éadrom nach mó iad ná an cúigiú cuid d'achar dromchla iomlán na dtorthaí, áfach, a fhad a chomhlíonann siad na híoscheanglais maidir le cion sú. Ceadaítear oráistí a tháirgtear i limistéir ina mbíonn teochtaí arda mar aon le dálaí arda bogthaise choibhneasta le linn na tréimhse forbartha agus ar fairsinge an dath glas orthu ná an cúigiú cuid d'achar dromchla na dtorthaí, a fhad a chomhlíonann siad na híoscheanglais maidir le cion sú. |
| Grúpa Navels | 33 | | 6.5:1 | |
| Cineálacha eile | 35 | | 6.5:1 | |
| Mosambi, Sathgudi agus Pacitan ar fairsinge an dath glas orthu ná an cúigiú cuid d'achar dromchla na dtorthaí | 33 | | | |

14 I gcás na gcineálacha Mandora agus Minneola is é 6.0:1 an cóimheas íosta siúcra/aigéad go dtí deireadh na bliana margaíochta dar tús 1 Eanáir 2023.

| | Íoschion sú (%) | Íosmhéid siúcra (°Brix) | Cóimheas siúcra/aigéid íosta | Dathú |
|---|---|---|---|---|
| Cineálacha ar fairsinge an dath glas orthu ná an cúigiú cuid d'achar dromchla na dtorthaí | 45 | | | |
| | Seadóg agus hibridí | | | |
| Cineálacha uile agus hibridí | 35 | | | Ní mór an dathú a bheith tipiciúil den chineál.<br>Ceadaítear torthaí ar dhath glas (glas in Oroblanco), a fhad a chomhlíonann siad na híoscheanglais maidir le cion sú |
| Oroblanco | 35 | 9 | | |
| Pummelos (Shaddock) agus hibridí | | 8 | | Ar dhá thrian ar a laghad de dhromchla na dtorthaí, ní mór an dathú a bheith tipiciúil den chineál |

Is féidir torthaí citris a chomhlíonann na ceanglais aibíochta sin a 'dhíghlasú'. Ní cheadaítear an chóireáil seo ach amháin sa chás nach ndearnadh na saintréithe orgánaileipteacha nádúrtha eile a mhodhnú.

C. **Aicmiú**

Aicmítear torthaí citris i dtrí aicme, de réir mar a shainítear mar a leanas:

(i) Aicme 'Breise'

Torthaí citris san aicme seo, ní mór ardcháilíocht a bheith iontu. Ní mór saintréithe an chineáil agus/nó an chineáil tráchtála a bheith iontu.

Ní mór iad a bheith saor ó fhabhtanna, ach amháin fabhtanna dromchlacha fíorbheaga a fhad nach gcuireann siad sin isteach ar chuma ghinearálta na dtáirgí, ar cháilíocht, ar cháilíocht coinneála ná ar chur i láthair an phacáiste.

(ii)Aicme I

Torthaí citris san aicme seo, ní mór cáilíocht mhaith a bheith iontu. Ní mór saintréithe an chineáil agus/nó an chineáil tráchtála a bheith iontu.

Is féidir na fabhtanna beaga seo a leanas a cheadú, áfach, a fhad nach gcuireann siad sin isteach ar chuma ghinearálta na dtáirgí, ar cháilíocht, ar cháilíocht coinneála ná ar chur i láthair an phacáiste:

– fabht beag sa chruth,

– fabhtanna beaga sa dathú, lena n-áirítear dó gréine beag,

– fabhtanna beaga leanúnacha sa chraiceann, a fhad nach mbíonn tionchar acu ar an mbia,

– fabhtanna beaga sa chraiceann a tharlaíonn le linn do na torthaí a bheith á bhfoirmiú, amhail coirt gheal, ruachan, nó damáiste ó lotnaidí,

– fabhtanna beaga arna gcneasú agus a tharla ar chúis mheicniúil amhail damáiste ó chlocha sneachta, ó scrabhadh, nó ó dhamáiste le linn láimhsithe dóibh,

– scaradh an chraicinn de bheagán agus go páirteach (nó crotal) i gcás torthaí uile grúpa na mandairíní.

(iii) Aicme II

Áirítear san aicme seo torthaí citris nach bhfuil incháilithe lena n-áireamh sna hardaicmí ach a chomhlíonann na híoscheanglais a sonraíodh i bpointe A.

Is féidir na fabhtanna seo a leanas a cheadú, a fhad a choinníonn na torthaí citris a mbuntréithe a mhéid a bhaineann le cáilíocht, le cáilíocht coinneála, agus le cur i láthair:

– fabhtanna sa chruth,

– fabhtanna beaga sa dathú, lena n-áirítear dó gréine beag,

– fabhtanna leanúnacha sa chraiceann, a fhad nach mbíonn tionchar acu ar an mbia,

– fabhtanna sa chraiceann a tharlaíonn le linn do na torthaí a bheith á bhfoirmiú, amhail coirt gheal, ruachan, nó damáiste ó lotnaidí,

– fabhtanna arna gcneasú agus a tharla ar chúis mheicniúil amhail damáiste ó chlocha sneachta, ó scrabhadh, nó ó dhamáiste le linn láimhsithe dóibh,

– athruithe dromhchlacha ar an gcraiceann arna gcneasú,

– galar garbhchraicneach

– scaradh beag agus páirteach an chraicinn (nó crotal) i gcás oráistí agus scaradh páirteach an chraicinn (nó an crotal) le haghaidh thorthaí uile ghrúpa na mandairíní.

## III. FORÁLACHA MAIDIR LE MÉID

Is de réir thrastomhas uasta chuid mheánchiorclach na dtorthaí nó de réir an lín a chinntear an mhéid.

### A. Íosmhéid

Beidh feidhm ag na híosmhéideanna seo a leanas:

| Torthaí | Trastomhas (mm) |
|---|---|
| Líomóidí | 45 |
| Líomaí Peirseacha | 42 |
| Líomaí milse Meicsiceacha agus Indiaigh | 25 |
| Satsúmaí, cineálacha eile mandairín agus a hibridí | 45 |
| Cleimintíní | 35 |
| Oráistí | 53 |
| Seadóg agus hibridí | 70 |
| Pummelos agus hibridí | 100 |

**B. Aonfhoirmeacht**

Is iad na roghanna maidir le torthaí citris a thomhas ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) Chun aonfhoirmeacht maidir le méid a áirithiú, ní rachaidh an raon maidir le méid idir táirgí sa phacáiste céanna thar na méideanna seo a leanas:

– 10 mm, más < 60 mm trastomhas na dtorthaí is lú (mar a léirítear ar an bpacáiste)

– 15 mm, más < 60 mm ach ≥ 80 mm trastomhas na dtorthaí is lú (mar a léirítear ar an bpacáiste).

– 20 mm, más ≥ 80 mm ach < 110 mm trastomhas na dtorthaí is lú (mar a léirítear ar an bpacáiste)

– níl aon teorainn leis an difear sa trastomhas i gcás torthaí ≥ 110 mm.

(b) Nuair a chuirtear cóid mhéide i bhfeidhm, is iad na cóid agus na raonta sna táblaí seo a leanas is gá a urramú:

| | Cód méide | Trastomhas (mm) |
|---|---|---|
| Líomóidí | | |
| | 0 | 79 - 90 |
| | 1 | 72 - 83 |
| | 2 | 68 - 78 |
| | 3 | 63 - 72 |
| | 4 | 58 - 67 |
| | 5 | 53 - 62 |
| | 6 | 48 - 57 |
| | 7 | 45 - 52 |
| Líomaí | | |
| Líomaí Peirseacha | 1 | 58 – 67 |
| | 2 | 53 – 62 |
| | 3 | 48 – 57 |
| | 4 | 45 – 52 |
| | 5 | 53 – 60 |
| Líomaí milse Meicsiceacha agus Indiaigh | 1 | > 45 |
| | 2 | 40.1 - 45 |
| | 3 | 35.1 - 40 |
| | 4 | 30.1 - 35 |
| | 5 | 25 - 30 |
| Satsúmaí, cleimintíní, cineálacha eile mandairín agus a hibridí | | |
| | 1 - XXX | 78 nó os a chionn |
| | 1 - XX | 67 - 78 |

| | | |
|---|---|---|
| | 1 nó 1 - X | 63 - 74 |
| | 2 | 58 - 69 |
| | 3 | 54 - 64 |
| | 4 | 50 - 60 |
| | 5 | 46 - 56 |
| | 6[15] | 43 - 52 |
| | 7 | 41 - 48 |
| | 8 | 39 - 46 |
| | 9 | 37 - 44 |
| | 10 | 35 - 42 |
| Oráistí | | |
| | 0 | 92 – 110 |
| | 1 | 87 – 100 |
| | 2 | 84 – 96 |
| | 3 | 81 – 92 |
| | 4 | 77 – 88 |
| | 5 | 73 – 84 |
| | 6 | 70 – 80 |
| | 7 | 67 – 76 |
| | 8 | 64 – 73 |
| | 9 | 62 – 70 |
| | 10 | 60 – 68 |
| | 11 | 58 – 66 |

[15] Do chleimintíní amháin a thagraítear sna méideanna faoi bhun 45 mm.

| | | |
|---|---|---|
| | 12 | 56 – 63 |
| | 13 | 53 – 60 |
| Seadóg agus hibridí | | |
| | 0 | >139 |
| | 1 | 109 – 139 |
| | 2 | 100 – 119 |
| | 3 | 93 – 110 |
| | 4 | 88 – 102 |
| | 5 | 84 – 97 |
| | 6 | 81 – 93 |
| | 7 | 77 – 89 |
| | 8 | 73 – 85 |
| | 9 | 70 - 80 |
| Pummelos agus hibridí | | |
| | 0 | >170 |
| | 1 | 156 – 170 |
| | 2 | 148 – 162 |
| | 3 | 140 – 154 |
| | 4 | 132 – 146 |
| | 5 | 123 – 138 |
| | 6 | 116 – 129 |
| | 7 | 100 – 118 |

Baintear amach aonfhoirmeacht maidir le méid trí bhíthin na scálaí méide thuasluaite, mura gcuirtear a mhalairt in iúl sa mhéid seo a leanas:

I gcás torthaí in araidí agus i gcás torthaí i bpacáistíochtaí díolacháin nach mó a nglanmheáchan ná 5 kg, ní rachaidh an t-uasdifear thar an raon a fhaightear trí bhíthin trí mhéid faoi seach a ghrúpáil sa scála méide.

(c) I gcás torthaí a dtomhaistear a méid de réir an lín, ba chóir go mbeadh an difear sa mhéid a bheith ag teacht le pointe (a).

## IV. FORÁLACHA MAIDIR LE LÁMHALTAIS

Ag gach céim mhargaíochta, ceadófar lamháltais maidir le cáilíocht agus le méid i ngach luchtóg le haghaidh táirgí nach gcomhlíonann ceanglais na haicme a léirítear.

### A. Lamháltais cháilíochta

(i) Aicme 'Breise'

Is lamháltas iomlán 5 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le torthaí citris nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ach a chomhlíonann ceanglais Aicme I. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 0.5 % san iomlán de tháirgí a bheith ann a chomhlíonann ceanglais cháilíocht Aicme II.

(ii)Aicme I

Is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le torthaí citris nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ach a chomhlíonann ceanglais Aicme II. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 1 % san iomlán de tháirgí a bheith ann nach gcomhlíonann ceanglais cháilíocht Aicme II, nó de tháirgí a bhfuil meath orthu.

(iii) Aicme II

Is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le torthaí citris nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ná na híoscheanglais ach an oiread. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 2 % san iomlán de tháirgí a bheith ann a bhfuil meath orthu.

### B. Lamháltais mhéide

I gcás gach aicme: is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó de réir meáchain, i dtaca le torthaí citris a fhreagraíonn don mhéid díreach faoina bhun sin agus/nó don mhéid a luaitear ar na pacáistí (nó os cionn na méideanna a luaitear ar na pacáistí, i gcás ina gcuirtear na trí mhéid sin le chéile).

In aon chás díobh, ní bhaineann an lamháltas 10 % ach le toradh nach lú ná híosmhéideanna seo a leanas:

| Torthaí | Trastomhas (mm) |
|---|---|
| Líomóidí | 43 |
| Líomaí Peirseacha | 40 |
| Líomaí milse Meicsiceacha agus Indiaigh | Neamhbhainteach |
| Satsúmaí, cineálacha eile mandairín agus a hibridí | 43 |
| Cleimintíní | 34 |
| Oráistí | 50 |
| Seadóg agus hibridí | 67 |
| Pummelos agus hibridí | 98 |

## V. FORÁLACHA MAIDIR LE CUR I LÁTHAIR

### A. Aonfhoirmeacht

Ní mór inneachar gach pacáiste a bheith aonfhoirmeach agus ní bheidh ann ach torthaí citris ar den tionscnamh céanna iad, den chineál nó den chineál tráchtála céanna iad, den cháilíocht chéanna iad agus atá ar an méid chéanna, agus ar cosúil iad a bheith ar an leibhéal céanna aibíochta agus forbartha chomh fada is féidir a dhéanamh amach.

Ina theannta sin, i gcás na hAicme 'Breise', is gá aonfhoirmeacht maidir le dathú.

Mar sin féin, is féidir meascán de speicis torthaí citris a bhfuil difear soiléir eatarthu a phacáil in éineacht i bpacáistíocht díolacháin a fhad atá siad sin aonfhoirmeach maidir le cáilíocht agus, i gcás gach speicis lena mbaineann, go bhfuil siad aonfhoirmeach maidir le cineál nó le cineál tráchtála agus le tionscnamh. Ní gá aonfhoirmeacht maidir le méid.

Ní mór an chuid d'inneachar an phacáiste atá infheicthe a bheith ionadaíoch ar an inneachar ar fad.

### B. Pacáistiú

Ní mór na torthaí citris a phacáil ar bhealach lena mbeidh cosaint cheart ag na táirgí.

Ní mór na hábhair a úsáidtear laistigh den phacáiste a bheith glan agus de cháilíocht lena seachnófar aon dochar seachtrach nó inmheánach do na táirgí. Maidir le hábhair, go háirithe páipéar nó stampaí a bhfuil sonraíochtaí trádála

orthu, is féidir iad a úsáid a fhad a dhéantar an cló nó an lipéadú le dúch nó le gliú nach bhfuil tocsaineach.

Maidir le greamáin a ghreamófar ar leithligh de na táirgí, nuair a bhainfear iad, ní fhágfar rianta infheicthe gliú ina ndiaidh, ná ní bheidh fabhtanna sa chraiceann dá ndeasca. Níor cheart go dtiocfadh fabhtanna sa bhia ná sa chraiceann de thoradh faisnéis arna marcáil ar thorthaí aonair le léasar.

Más rud é gur faoi chumhdach atá na torthaí, is gá páipéar a úsáid atá tanaí, tirim, nua agus gan bholadh[16].

Aon substaint ar gnách léi cur isteach ar thréithe nádúrtha na dtorthaí citris, go háirithe a mblas nó a mboladh[17], tá cosc uirthi.

Ní mór gach pacáiste a bheith saor ó gach ábhar coimhthíoch. Mar sin féin, ceadaítear cur i láthair ina bhfuil craobhóg (nach adhmad atá ann) agus roinnt duilleog ghlas greamaithe den toradh.

## VI. FORÁLACHA MAIDIR LE MARCÁIL

Ní mór na mionsonraí seo a leanas a léiriú ar gach pacáiste[18], i litreacha arna ngrúpáil ar an taobh céanna, iad marcáilte go soléite agus go doscriosta, agus infheicthe ón taobh amuigh.

### A. Aitheantas

Ainm agus seoladh fisiciúil an phacálaí agus/nó an riarthóra (mar shampla, sráid/cathair/réigiún/cód poist agus, murab ionann agus an tír thionscnaimh, an tír).

Is féidir an tagairt sin a ionadú:

– i gcás gach pacáiste cé is moite de réamhphacáistí, leis an gcódmharc arna eisiúint go hoifigiúil nó a bhfuil glacadh leis agus lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir a bhaineann go dlúth leis an tagairt ‘Pacálaí agus/nó Riarthóir’ (nó giorrúcháin choibhéiseacha). Roimh an gcódmharc, cuirfear cód tíre nó limistéir ISO 3166 (alfa) na tíre aitheanta, murab í an tír thionscnaimh í;

– i gcás réamhphacáistí amháin, trí ainm agus trí sheoladh díoltóir atá bunaithe laistigh den Aontas agus a bhaineann go dlúth leis an tagairt ‘Pacáilte le haghaidh:’ nó tagairt choibhéiseach. Sa chás sin, áireofar ar

16 Ceadaítear leasaithigh nó aon substaint cheimiceach eile a d’fhéadfadh boladh coimhthíoch a fhágáil ar chraiceann an toraidh a úsáid i gcás ina bhfuil sé i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme de chuid an Aontais Eorpaigh.

17 Ceadaítear leasaithigh nó aon substaint cheimiceach eile a d’fhéadfadh boladh coimhthíoch a fhágáil ar chraiceann an toraidh a úsáid i gcás ina bhfuil sé i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme de chuid an Aontais Eorpaigh.

18 Níl feidhm ag na forálacha marcála sin maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair i bpacáistí. Mar sin féin, tá feidhm acu maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair ar leithligh.

an lipéadú freisin cód lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir. Tabharfaidh an díoltóir gach faisnéis a mheasann an comhlacht cigireachta a bheith riachtanach maidir le brí an chóid seo.

**B. Cineál na dtáirgí**

'Liomóidí', 'Líomaí', 'Líomaí Peirseacha', 'Líomaí Meicsiceacha', 'Líomaí milse Indiaigh'/'Líomaí milse na Palaistíne', 'Mandairíní' 'Oráistí', 'Seadóg', 'Pummelos'/'Shaddock' mura bhfuil an táirge infheicthe ón taobh amuigh.

'Meascán de thorthaí citris' nó sonraíocht choibhéiseach agus ainmneacha coitianta na speiceas éagsúil, i gcás meascán de thorthaí citris de speicis éagsúla.

I gcás oráistí, ainm an chineáil, agus/nó an grúpa cineálacha faoi seach i gcás 'Navels', agus 'Valencias'.

I gcás 'Satsúmaí' agus 'Cleimintíní', is gá ainm coitianta an speicis agus tá ainm an chineáil roghnach.

I gcás mandairíní agus hibridí eile díobh, is gá ainm an chineáil.

Maidir le gach speiceas eile: tá ainm an chineáil roghnach.

Is féidir comhchiallach a chur in ionad ainm cineáil. Ní féidir trádainm[19] a thabhairt ach amháin i dteannta an chineáil nó an téarma chomhchiallaigh.

dath an bhia "bán", "bándearg" nó "dearg" le haghaidh seadóga agus pummelos i gcás inarb iomchuí.

'Le síolta' i gcás cleimintíní a bhfuil níos mó ná 10 síol iontu.

'gan síol' (roghnach, is féidir le síolta a bheith i dtorthaí citris uaireanta)

**C. Tionscnamh na dtáirgí**

– Tír thionscnaimh[20] agus, más inmhianaithe, ainm an cheantair inar fásadh na táirgí, nó ainm náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil.

– I gcás meascán cineálacha torthaí citris ar léir iad a bheith ina speicis dhifriúla, ar de thionscnaimh éagsúla iad, is taobh le hainm an chineáil lena mbaineann a thabharfar an léiriú faoin tír thionscnaimh i ngach cás.

**D. Sonraíochtaí tráchtála**

– Aicme.

– Méid arna sloinneadh mar:

  – Íosmhéid agus uasmhéid (i mm) nó

---

19 Is féidir le trádainm a bheith ina thrádmharc a bhfuil cosaint á lorg nó a bhfuil cosaint faighte ina leith, nó aon ainmníocht tráchtála eile.

20 Léireofar an t-ainm iomlán nó an t-ainm a úsáidtear go coitianta.

– Cód méide/códanna méide arna leanúint, más inmhianaithe, ag íosmhéid agus ag uasmhéid nó

– Líon.

– I gcás ina n-úsáidtear leasaitheach, an leasaitheach sin nó substaintí ceimiceacha eile a úsáideadh a lua ag céim iarbhuainte.

**E. Marc oifigiúil cáilíochta (roghnach)**

Ní gá na mionsonraí a luaitear sa chéad fhomhír de phointe VI a bheith ar na pacáistí más rud é gur pacáistíochtaí díolacháin atá iontu, go bhfuil na pacáistíochtaí sin le feiceáil go soiléir ón taobh amuigh, agus go bhfuil na mionsonraí sin go léir orthu. Beidh na pacáistí sin saor ó aon léiriú a d'fhéadfadh a bheith míthreorach. Nuair a chuirfear na pacáistí sin ar phailléad, tabharfar na mionsonraí ar fhógra a chuirfear in áit shoiléir ar dhá thaobh ar a laghad den phailléad.

## CUID 3: CAIGHDEÁN MARGAÍOCHTA LE HAGHAIDH CÍOBHAÍONNA

### I. TÁIRGÍ A SHAINIÚ

Baineann an caighdeán seo le cineálacha (saothróga) cíobhaíonna (toradh a dtugtar *Actinidia* nó kiwi) a fásadh ó *Actinidia chinensis* Planch agus *Actinidia deliciosa* (A. Chev.), C.F. Liang agus A.R. Ferguson lena soláthar don tomhaltóir agus iad úr, caighdeán óna n-eisiatar cíobhaíonna lena bpróiseáil go tionsclaíoch.

### II. FORÁLACHA MAIDIR LE CÁILÍOCHT

Is é is cuspóir don chaighdeán na ceanglais cháilíochta maidir le cíobhaíonna a shainiú, tar éis iad a ullmhú agus a phacáistiú.

Mar sin féin, sna céimeanna tar éis sheoladh na dtáirgí, i ndáil le ceanglais an chaighdeáin, féadfaidh na tréithe seo a leanas a bheith sna táirgí:

– úire agus borrthacht laghdaithe de bheagán,

– i gcás táirgí a grádaíodh in aicmí seachas an Aicme 'Breise', meathlú beag de thoradh a bhforbartha agus a gclaonta chun éagtha.

**A. Íoscheanglais**

I ngach aicme, faoi réir na bhforálacha speisialta maidir le gach aicme agus na lamháltas a cheadófar ina leith, i dtaca le cíobhaíonna:

– beidh siad gan bhriseadh (ach saor ó shealgóg),

– beidh siad slán; i gcás táirgí ar a bhfuil lobhadh nó meathlú a fhágann go bhfuil siad mí-oiriúnach lena gcaitheamh, déanfar iad a eisiamh,

– beidh siad glan, geall leis, ó aon ábhar coimhthíoch infheicthe,

– beidh siad saor, geall leis, ó lotnaidí,

– beidh siad saor ó dhamáiste arna dhéanamh ag lotnaidí a chuireann isteach ar an mbia,

– beidh siad daingean go leor; ní bheidh siad bog, seargtha ná ní bheidh siad uisciúil,

– beidh siad dea-chumtha, ach is caighdeán é sin óna n-eisiatar torthaí dúbailte/ilthorthaí,

– beidh siad saor ó thaise sheachtrach neamhghnách,

– beidh siad saor ó bholadh agus/nó ó bhlas coimhthíoch.

Ní mór forbairt na gcíobhaíonna mar aon lena staid a bheith de chineál lenar féidir:

– iad a iompar agus a láimhseáil gan dochar a dhéanamh dóibh, agus

– bail shásúil a bheith orthu ar shroicheadh an chinn scríbe dóibh.

**B. Íoscheanglais aibíochta**

Ní mór na cíobhaíonna a bheith forbartha go leordhóthanach, agus ní mór dóibh aibíocht shásúil a léiriú.

Chun an ceanglas sin a chomhlíonadh, ní mór na torthaí a bheith ar leibhéal aibíochta Brix[21] 6,2° ar a laghad nó meáninneachar ábhair thirim 15 % a bheith bainte amach acu agus iad á bpacáil, agus ba cheart go mbeadh Brix 9,5° mar thoradh air sin agus na torthaí ag dul isteach sa slabhra dáileacháin.

**C. Aicmiú**

Aicmítear cíobhaíonna i dtrí aicme a shainítear mar a leanas:

(i) Aicme 'Breise'

Cíobhaíonna san aicme seo, ní mór ardcháilíocht a bheith iontu. Ní mór saintréithe an chineáil a bheith iontu.

Ní mór na torthaí a bheith daingean agus ní mór an bia a bheith slán.

Ní mór iad a bheith saor ó fhabhtanna, ach amháin fabhtanna dromchlacha fíorbheaga, a fhad nach gcuireann siad sin isteach ar chuma ghinearálta na dtáirgí, ar cháilíocht, ar cháilíocht coinneála ná ar chur i láthair an phacáiste:

An cóimheas idir trastomhas íosta/trastomhas uasta na dtorthaí, agus é á thomhas ag an gcuid mheánchiorclach, ní mór nach lú é ná 0,8.

(ii)Aicme I

---

21 Arna ríomh mar a thuairiscítear sa treoir ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta maidir le tástálacha oibiachtúla, atá ar fáil ag: http://www.oecd.org/agriculture/fruit-vegetables/publications.

Cíobhaíonna san aicme seo, ní mór cáilíocht mhaith a bheith iontu. Ní mór saintréithe an chineáil a bheith iontu.

Ní mór na torthaí a bheith daingean agus ní mór an bia a bheith slán.

Is féidir na fabhtanna beaga seo a leanas a cheadú, áfach, a fhad nach gcuireann siad sin isteach ar chuma ghinearálta na dtáirgí, ar cháilíocht, ar cháilíocht coinneála ná ar chur i láthair an phacáiste:

– fabht beag sa chruth (ach é a bheith saor ó at nó ó anchuma),

– fabhtanna beaga sa dathú,

– fabhtanna beaga sa chraiceann, a fhad nach mó ná 1 $cm^2$ an t-achar iomlán atá buailte,

– 'Marcanna Hayward' beag amhail línte domhanfhaid agus gan fadharcán.

An cóimheas idir trastomhas íosta/trastomhas uasta na dtorthaí, agus é á thomhas ag an gcuid mheánchiorclach, ní mór nach lú é ná 0,7.

(iii) Aicme II

Áirítear san aicme seo cíobhaíonna nach bhfuil incháilithe lena n-áireamh sna hardaicmí ach a chomhlíonann na híoscheanglais a shonraítear i bpointe A.

Ní mór an toradh a bheith réasúnta daingean agus níor cheart aon fhabht tromchúiseach a bheith sa bhia.

Is féidir na fabhtanna seo a leanas a cheadú, a fhad a choinníonn na cíobhaíonna a mbuntréithe a mhéid a bhaineann le cáilíocht, le cáilíocht coinneála, agus le cur i láthair:

– fabhtanna sa chruth,

– fabhtanna sa dathú,

– Fabhtanna sa chraiceann amhail gearrthacha beaga arna gcneasú nó fíochán millte/fíochán gránaithe, a fhad nach mó ná 2 $cm^2$ an t-achar iomlán atá buailte,

– roinnt 'marcanna Hayward' níos suntasaí le fadharcán beag,

– brú beag.

## III. FORÁLACHA MAIDIR LE MÉID

Is de réir mheáchan na dtorthaí a chinntear an mhéid.

Is é 90 g an meáchan íosta i gcás na hAicme 'Breise', i gcás Aicme I is é 70 g atá ann agus 65 g i gcás Aicme II.

Chun aonfhoirmeacht maidir le méid a áirithiú, ní rachaidh an raon maidir le méid idir táirgí sa phacáiste céanna thar na méideanna seo a leanas:

– 10 g i gcás torthaí nach mó a meáchan ná 85 g,

– 15 g i gcás torthaí a bhfuil meáchan idir 85 g agus 120 g iontu,

– 20 g i gcás torthaí a bhfuil meáchan idir 120 g agus 150 g iontu,

– 40 g i gcás torthaí ar mó a meáchan ná 150 g.

## IV. FORÁLACHA MAIDIR LE LÁMHALTAIS

Ag gach céim mhargaíochta, ceadófar lamháltais maidir le cáilíocht agus le méid i ngach luchtóg le haghaidh táirgí nach gcomhlíonann ceanglais na haicme a léirítear.

### A. Lamháltais cháilíochta

(i) Aicme 'Breise'

Is lamháltas iomlán 5 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le cíobhaíonna nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ach a chomhlíonann ceanglais Aicme I. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 0.5 % san iomlán de tháirgí a bheith ann a chomhlíonann ceanglais cháilíocht Aicme II.

(ii)Aicme I

Is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le cíobhaíonna nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ach a chomhlíonann ceanglais Aicme II. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 1 % san iomlán de tháirgí a bheith ann nach gcomhlíonann ceanglais cháilíocht Aicme II, nó de tháirgí a bhfuil meath orthu.

(iii) Aicme II

Is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le cíobhaíonna nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ná na híoscheanglais. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 2 % san iomlán de tháirgí a bheith ann a bhfuil meath orthu.

### B. Lamháltais mhéide

I gcás gach aicme: is lamháltas iomlán 10 % de chíobhaíonna a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, a mhéid a bhaineann le méid.

Mar sin féin, is gá nach mó ná 85 g meáchan atá sna cíobhaíonna san Aicme 'Breise', 67 g in Aicme I agus 62 g in Aicme II

## V. FORÁLACHA MAIDIR LE CUR I LÁTHAIR

### A. Aonfhoirmeacht

Ní mór inneachar gach pacáiste a bheith aonfhoirmeach agus ní bheidh ann ach cíobhaíonna ar den tionscnamh céanna iad, den chineál nó den chineál tráchtála céanna iad, den cháilíocht chéanna iad agus atá ar an méid chéanna.

Ní mór an chuid d'inneachar an phacáiste atá infheicthe a bheith ionadaíoch ar an inneachar ar fad.

**B. Pacáistiú**

Ní mór na cíobhaíonna a phacáil ar bhealach lena mbeidh cosaint cheart ag na táirgí.

Ní mór na hábhair a úsáidtear laistigh den phacáiste a bheith glan agus de cháilíocht lena seachnófar aon dochar seachtrach nó inmheánach do na táirgí. Maidir le hábhair, go háirithe páipéar nó stampaí a bhfuil sonraíochtaí trádála orthu, is féidir iad a úsáid a fhad a dhéantar an cló nó an lipéadú le dúch nó le gliú nach bhfuil tocsaineach.

Maidir le greamáin a ghreamófar ar leithligh de na táirgí, nuair a bhainfear iad, ní fhágfar rianta infheicthe gliú ina ndiaidh, ná ní bheidh fabhtanna sa chraiceann dá ndeasca. Níor cheart go dtiocfadh fabhtanna sa bhia ná sa chraiceann de thoradh faisnéis arna marcáil ar thorthaí aonair le léasar.

Ní mór gach pacáiste a bheith saor ó gach ábhar coimhthíoch.

## VI. FORÁLACHA MAIDIR LE MARCÁIL

Ní mór na mionsonraí seo a leanas a léiriú ar gach pacáiste[22], i litreacha arna ngrúpáil ar an taobh céanna, iad marcáilte go soléite agus go doscriosta, agus infheicthe ón taobh amuigh:

**A. Aitheantas**

Ainm agus seoladh fisiciúil an phacálaí agus/nó an riarthóra (mar shampla, sráid/cathair/réigiún/cód poist agus, murab ionann agus an tír thionscnaimh, an tír).

Is féidir an tagairt sin a ionadú:

– i gcás gach pacáiste cé is moite de réamhphacáistí, leis an gcódmharc arna eisiúint go hoifigiúil nó a bhfuil glacadh leis agus lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir a bhaineann go dlúth leis an tagairt 'Pacálaí agus/nó Riarthóir' (nó giorrúcháin choibhéiseacha). Roimh an gcódmharc, cuirfear cód tíre nó limistéir ISO 3166 (alfa) na tíre aitheanta, murab í an tír thionscnaimh í,
– i gcás réamhphacáistí amháin, trí ainm agus trí sheoladh díoltóir atá bunaithe laistigh den Aontas agus a bhaineann go dlúth leis an tagairt 'Pacáilte le haghaidh:' nó tagairt choibhéiseach. Sa chás sin, áireofar ar an lipéadú freisin cód lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir. Tabharfaidh an díoltóir gach faisnéis a mheasann an comhlacht cigireachta a bheith riachtanach maidir le brí an chóid seo.

[22] Níl feidhm ag na forálacha marcála sin maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair i bpacáistí. Mar sin féin, tá feidhm acu maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair ar leithligh.

**B. Cineál na dtáirgí**

– ‘Cíobhaíonna’ agus/nó ‘Actinidia’, mura bhfuil an t-inneachar le feiceáil ón taobh amuigh.

– Ainm an chineáil (roghnach).

– Dath an bhia nó léiriú coibhéiseach, mura glas an dath atá orthu.

**C. Tionscnamh na dtáirgí**

Tír thionscnaimh[23] agus, más inmhianaithe, ainm an cheantair inar fásadh na táirgí, nó ainm náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil.

**D. Sonraíochtaí tráchtála**

– Aicme.

– Méid arna shloinneadh mar mheáchan íosta agus uasta na dtorthaí.

– Líon na dtorthaí (roghnach).

**E. Marc oifigiúil cáilíochta (roghnach)**

Ní gá na mionsonraí a luaitear sa chéad fhomhír de phointe VI a bheith ar na pacáistí más rud é gur pacáistíochtaí díolacháin atá iontu, go bhfuil na pacáistíochtaí sin le feiceáil go soiléir ón taobh amuigh, agus go bhfuil na mionsonraí sin go léir orthu. Beidh na pacáistí sin saor ó aon léiriú a d’fhéadfadh a bheith míthreorach. Nuair a chuirfear na pacáistí sin ar phailléad, tabharfar na mionsonraí ar fhógra a chuirfear in áit shoiléir ar dhá thaobh ar a laghad den phailléad.

## CUID 4: CAIGHDEÁN MARGAÍOCHTA LE hAGHAIDH LEITISÍ, SEARBHÁN CAS AGUS SEARBHÁN MUC (BATÁIVEACH)

## I. TÁIRGÍ A SHAINIÚ

Baineann an caighdeán seo le:

- cineálacha leitíse (saothróga) a fásadh ó:
  - *Lactuca sativa* var. *capitata* L. (leitísí móra lena n-áirítear leitísí den chineál ‘Iceberg’),
  - *Lactuca sativa* var. *longifolia* Lam. (cósleitís),
  - Lactuca sativa var. crispa L. (leitís oigheargheala),
  - crosantaigh de na cineálacha seo agus
- searbháin chas de chineálacha (saothróga) a fásadh ó *Cichorium endivia* var. *crispum* Lam. agus

[23] Léireofar an t-ainm iomlán nó an t-ainm a úsáidtear go coitianta.

– searbháin mhuc (Batáiveach) de chineálacha (saothrógra) a fásadh ó *Cichorium endivia* var. *latifolium* Lam.

lena soláthar úr don tomhaltóir.

Is caighdeán é sin nach bhfuil feidhm aige maidir le táirgí lena bpróiseáil go tionsclaíoch, táirgí a chuirtear i láthair ina nduilleoga aonair, leitísí le meallta cré le nó leitísí i bpotaí.

## II. FORÁLACHA MAIDIR LE CÁILÍOCHT

Is é is cuspóir don chaighdeán na ceanglais cháilíochta maidir le táirgí a shainiú, tar éis iad a ullmhú agus a phacáistiú.

Mar sin féin, sna céimeanna tar éis sheoladh na dtáirgí, i ndáil le ceanglais an chaighdeáin, féadfaidh na tréithe seo a leanas a bheith sna táirgí:

– úire agus borrthacht laghdaithe de bheagán,

– meath beag de thoradh a bhforbartha agus a gclaonta chun éagtha.

### A. Íoscheanglais

I ngach aicme, faoi réir na bhforálacha speisialta le haghaidh gach aicme agus na lamháltais a cheadaítear, ní mór na tréithe seo a leanas a bheith sna táirgí:

– beidh siad gan bhriseadh,

– beidh siad slán; i gcás táirgí ar a bhfuil lobhadh nó meathlú a fhágann go bhfuil siad mí-oiriúnach lena gcaitheamh, déanfar iad a eisiamh,

– beidh siad glan agus bearrtha, i.e. beagnach saor ó gach cré nó ó dhamhna fáis eile agus beagnach saor ó aon ábhar coimhthíoch infheicthe,

– beidh cuma úr orthu,

– beidh siad saor, geall leis, ó lotnaidí,

– beidh siad saor geall leis ó dhamáiste arna ndéanamh ag lotnaidí,

– beidh borradh iontu,

– ní bheidh ag dul chun síl,

– beidh siad saor ó thaise sheachtrach neamhghnách,

– beidh siad saor ó bholadh agus/nó ó bhlas coimhthíoch.

I gcás leitíse, ceadaítear dídhathú ruánach arb í an teocht íseal le linn an fháis is cúis leis, ach amháin má chuireann sé isteach go mór ar chuma na leitíse.

Ní mór na fréamhacha a ghearradh in aice le bonn na nduilleog sheachtrach agus ní mór an gearradh a bheith néata.

Ní mór do na táirgí gnáthfhorbairt a léiriú. Ní mór forbairt na dtáirgí mar aon lena staid a bheith de chineál lenar féidir:

– iad a iompar agus a láimhseáil gan dochar a dhéanamh dóibh, agus

– bail shásúil a bheith orthu ar shroicheadh an chinn scríbe dóibh.

**B. Aicmiú**

Aicmítear na táirgí in dhá aicme a shainítear mar a leanas:

(i) Aicme I

Táirgí san aicme seo, ní mór cáilíocht mhaith a bheith iontu. Ní mór saintréithe an chineáil agus/nó an chineáil tráchtála a bheith iontu.

Ní mór na tréithe seo a leanas a bheith sna táirgí:

– beidh siad dea-chumtha,

– beidh siad daingean, na modhanna saothraithe agus an cineál táirgí á chur san áireamh,

– saor ó dhamáiste nó ó mheathlú lena laghdaítear folláine an bhia,

– saor ó dhamáiste ón sioc.

Ní mór croí dea-chumhtha amháin a bheith ag leitisí móra. Mar sin féin, i gcás leitís mhór a fásadh faoi chosaint, is féidir an croí a bheith beag.

Ní mór croí a bheith ag cósleitísí, agus is féidir an croí a bheith beag.

Caithfidh dath buí a bheith ar lár na searbhán cas agus ar lár na searbhán muc (Batáiveach).

(ii)Aicme II

Áirítear san aicme seo na táirgí nach bhfuil incháilithe lena n-áireamh in Aicme I, ach a chomhlíonann na híoscheanglais a shonraítear i bpointe A.

Ní mór na tréithe seo a leanas a bheith sna táirgí:

– beidh siad dea-chumtha,

– saor ó dhamáiste agus ó mheathlú a d’fhéadfadh folláine an bhia a laghdú go mór.

Is féidir na fabhtanna seo a leanas a cheadú, a fhad a choinníonn na húlla a mbuntréithe a mhéid a bhaineann le cáilíocht, le cáilíocht coinneála, agus le cur i láthair:

– dídhathú beag,

– damáiste beag arna dhéanamh ag lotnaidí.

Ní mór croí a bheith ag leitísí móra, agus is féidir an croí a bheith beag. Mar sin féin, i gcás leitís mhór a fásadh faoi chosaint, is féidir gan croí a bheith ann.

Is féidir le cósléitisí gan croí a léiriú.

## III. FORÁLACHA MAIDIR LE MÉID

Is de réir mheáchan aonaid amháin a chinntear an mhéid.

Chun aonfhoirmeacht maidir le méid a áirithiú, ní rachaidh an raon maidir le méid idir táirgí sa phacáiste céanna thar na méideanna seo a leanas:

(a) Leitísí

– 40 g i gcás inar meáchan is lú ná 150 g in aghaidh an aonaid atá san aonad is éadroime,

– 100 g i gcás inar meáchan idir 150 g agus 300 g atá san aonad is éadroime,

– 150 g i gcás inar meáchan idir 300 g agus 450 g atá san aonad is éadroime,

– 300 g i gcás meáchán is lú ná 450 g in aghaidh an aonaid atá san aonad is éadroime,

(b) Searbháin chas agus searbháin mhuc (Batáiveach)

– 300 g.

## IV. FORÁLACHA MAIDIR LE LÁMHALTAIS

Ag gach céim mhargaíochta, ceadófar lamháltais maidir le cáilíocht agus le méid i ngach luchtóg le haghaidh táirgí nach gcomhlíonann ceanglais na haicme a léirítear.

### A. Lamháltais cháilíochta

(i) Aicme I

Is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le táirgí nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ach a chomhlíonann ceanglais Aicme II. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 1 % san iomlán de tháirgí a bheith ann nach gcomhlíonann ceanglais cháilíocht Aicme II, nó de tháirgí a bhfuil meath orthu.

(ii)Aicme II

Is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le táirgí nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ná na híoscheanglais. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 2 % san iomlán de tháirgí a bheith ann a bhfuil meath orthu.

### B. Lamháltais mhéide

I gcás gach aicme: is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de tháirgí nach gcomhlíonann na riachtanais a mhéid a bhaineann le méid.

## V. FORÁLACHA MAIDIR LE CUR I LÁTHAIR

### A. Aonfhoirmeacht

Ní mór inneachar gach pacáiste a bheith aonfhoirmeach agus ní bheidh ann ach táirgí ar den tionscnamh céanna iad, den chineál nó den chineál tráchtála céanna iad, den cháilíocht chéanna iad agus atá ar an méid chéanna.

Mar sin féin, is féidir meascán leitísí agus/nó cineálacha, cineálacha tráchtála agus dathanna searbhán a bhfuil difear soiléir eatarthu a phacáil in éineacht i bpacáiste, a fhad atá siad sin aonfhoirmeach i dtaobh cáilíochta agus, i gcás gach cineáil, gach cineál tráchtála, agus gach datha lena mbaineann, go bhfuil siad aonfhoirmeach maidir le tionscnamh. Ní gá aonfhoirmeacht maidir le méid.

Ní mór an chuid d'inneachar an phacáiste atá infheicthe a bheith ionadaíoch ar an inneachar ar fad.

**B. Pacáistiú**

Ní mór na táirgí a phacáil ar bhealach lena mbeidh cosaint cheart ag na táirgí. Ní mór iad a phacáil go measartha ag féachaint do mhéid agus do chineál na pacáistíochta, gan spásanna folmha ná brú a bheith ann.

Ní mór na hábhair a úsáidtear laistigh den phacáiste a bheith glan agus de cháilíocht lena seachnófar aon dochar seachtrach nó inmheánach do na táirgí. Maidir le hábhair, go háirithe páipéar nó stampaí a bhfuil sonraíochtaí trádála orthu, is féidir iad a úsáid a fhad a dhéantar an cló nó an lipéadú le dúch nó le gliú nach bhfuil tocsaineach.

Ní mór gach pacáiste a bheith saor ó gach ábhar coimhthíoch.

## VI. FORÁLACHA MAIDIR LE MARCÁIL

Ní mór na mionsonraí seo a leanas a léiriú ar gach pacáiste[24], i litreacha arna ngrúpáil ar an taobh céanna, iad marcáilte go soléite agus go doscriosta, agus infheicthe ón taobh amuigh:

**A. Aitheantas**

Ainm agus seoladh fisiciúil an phacálaí agus/nó an riarthóra (mar shampla, sráid/cathair/réigiún/cód poist agus, murab ionann agus an tír thionscnaimh, an tír).

Is féidir an tagairt sin a ionadú:

– i gcás gach pacáiste cé is moite de réamhphacáistí, leis an gcódmharc arna eisiúint go hoifigiúil nó a bhfuil glacadh leis agus lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir a bhaineann go dlúth leis an tagairt 'Pacálaí agus/nó Riarthóir' (nó giorrúcháin choibhéiseacha*)*. Roimh an gcódmharc, cuirfear cód tíre nó limistéir ISO 3166 (alfa) na tíre aitheanta, murab í an tír thionscnaimh í;

[24] Níl feidhm ag na forálacha marcála sin maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair i bpacáistí. Mar sin féin, tá feidhm acu maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair ar leithligh.

– i gcás réamhphacáistí amháin, trí ainm agus trí sheoladh díoltóir atá bunaithe laistigh den Aontas agus a bhaineann go dlúth leis an tagairt 'Pacáilte le haghaidh:' nó tagairt choibhéiseach. Sa chás sin, áireofar ar an lipéadú freisin cód lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir. Tabharfaidh an díoltóir gach faisnéis a mheasann an comhlacht cigireachta a bheith riachtanach maidir le brí an chóid seo.

**B. Cineál na dtáirgí**

– 'Leitisí', 'leitisí Batáiveacha', 'leitísí móra (Iceberg)', 'cósleitísí', 'leitís oigheargheal' (nó, mar shampla, agus i gcás inarb iomchuí, 'leitís na nduilleog darach', 'lollo bionda', 'lollo rossa'), 'searbháin chas', 'searbháin mhuc (Batáiveach)', nó sonraíocht choibhéiseach, mura bhfuil an t-inneachar le feiceáil ón taobh amuigh.

– 'Fásadh faoi chosaint', nó sonraíocht choibhéiseach i gcás inarb iomchuí.

– Ainm an chineáil (roghnach).

– 'Meascán leitísí/searbhán', nó sonraíocht choibhéiseach i gcás meascán cineálacha, agus/nó cineálacha, cineálacha tráchtála nó dathanna searbhán a bhfuil difear soiléir eatarthu. Mura bhfuil an táirge le feiceáil ón taobh amuigh, ní mór na cineálacha, na cineálacha tráchtála agus/nó na dathanna, agus cainníocht gach ceann díobh sa phacáiste a léiriú.

**C. Tionscnamh na dtáirgí**

– Tír thionscnaimh[25] agus, más inmhianaithe, ainm an cheantair inar fásadh na táirgí, nó ainm náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil.

– I gcás meascán leitísí agus/nó cineálacha, cineálacha tráchtála, nó dathanna searbhán a bhfuil difear soiléir eatarthu, agus ar de thionscnaimh éagsúla iad, is taobh le hainm an chineáil lena mbaineann a thabharfar an léiriú faoin tír thionscnaimh i ngach cás.

**D. Sonraíochtaí tráchtála**

– Aicme

– Méid, arna shloinneadh mar mheáchan íosta in aghaidh an aonaid, nó ag líon na n-aonad

**E. Marc oifigiúil cáilíochta (roghnach)**

Ní gá na mionsonraí a luaitear sa chéad fhomhír de phointe VI a bheith ar na pacáistí más rud é gur pacáistíochtaí díolacháin atá iontu, go bhfuil na pacáistíochtaí sin le feiceáil go soiléir ón taobh amuigh, agus go bhfuil na mionsonraí sin go léir orthu. Beidh na pacáistí sin saor ó aon léiriú a d'fhéadfadh a bheith míthreorach. Nuair a chuirfear na pacáistí sin ar phailléad,

[25] Léireofar an t-ainm iomlán nó an t-ainm a úsáidtear go coitianta.

tabharfar na mionsonraí ar fhógra a chuirfear in áit shoiléir ar dhá thaobh ar a laghad den phailléad.

## CUID 5: CAIGHDEÁN MARGAÍOCHTA LE HAGHAIDH PÉITSEOG AGUS NEACHTAIRÍNÍ

### I. TÁIRGÍ A SHAINIÚ

Baineann an caighdeán seo le péitseoga agus neachtairíní de chineálacha (saothróga) a fásadh ó *Prunus persica* Sieb. agus Zucc., lena soláthar don tomhaltóir agus iad úr, ach is caighdeán é sin óna n-eisiatar péitseoga agus neachtairíní lena bpróiseáil go tionsclaíoch:

### II. FORÁLACHA MAIDIR LE CÁILÍOCHT

Is é is cuspóir don chaighdeán na ceanglais cháilíochta maidir le péitseoga agus neachtairíní a shainiú, tar éis ullmhú agus pacáistiú dóibh.

Mar sin féin, sna céimeanna tar éis sheoladh na dtáirgí, i ndáil le ceanglais an chaighdeáin, féadfaidh na tréithe seo a leanas a bheith sna táirgí:

- úire agus borrthacht laghdaithe de bheagán,
- i gcás táirgí a grádaíodh in aicmí seachas an Aicme 'Breise', meathlú beag de thoradh a bhforbartha agus a gclaonta chun éagtha.

#### A. Íoscheanglais

I ngach rang, faoi réir na bhforálacha speisialta le haghaidh gach aicme agus na lamháltas a cheadaítear, ní mór na tréithe seo a leanas a bheith sna péitseoga agus neachtairíní:

- beidh siad gan bhriseadh,
- beidh siad slán; i gcás táirgí ar a bhfuil lobhadh nó meathlú a fhágann go bhfuil siad mí-oiriúnach lena gcaitheamh, déanfar iad a eisiamh,
- beidh siad glan, geall leis, ó aon ábhar coimhthíoch infheicthe,
- beidh siad saor, geall leis, ó lotnaidí,
- beidh siad saor ó dhamáiste arna dhéanamh ag lotnaidí a chuireann isteach ar an mbia,
- beidh siad saor ó bhriseadh sa ghaschuas,
- beidh siad saor ó thaise sheachtrach neamhghnách,
- beidh siad saor ó bholadh agus/nó ó bhlas coimhthíoch.

Ní mór forbairt na bpeitseog agus na neachtairíní mar aon lena staid a bheith de chineál lenar féidir:

- iad a iompar agus a láimhseáil gan dochar a dhéanamh dóibh, agus
- bail shásúil a bheith orthu ar shroicheadh an chinn scríbe dóibh.

**B. Ceanglais aibíochta**

Ní mór na torthaí a bheith forbartha go leordhóthanach, agus ní mór dóibh aibíocht shásúil a léiriú. Ba cheart nár lú innéacs athraonmhéadrach íosta an bhia ná Brix8°[26]**.**

**C. Aicmiú**

Aicmítear péitseoga agus neachtairíní i dtrí aicme, mar a shainítear mar a leanas:

(i) Aicme 'Breise'

Péitseoga agus neachtairíní seo, ní mór ardcháilíocht a bheith iontu. Ní mór saintréithe an chineáil a bheith iontu.

Ní mór an bia a bheith slán ar fad.

Ní mór iad a bheith saor ó fhabhtanna, ach amháin fabhtanna dromchlacha fíorbheaga a fhad nach gcuireann siad sin isteach ar chuma ghinearálta na dtáirgí, ar cháilíocht, ar cháilíocht coinneála ná ar chur i láthair an phacáiste.

(ii)Aicme I

Péitseoga agus neachtairíní san aicme seo, ní mór cáilíocht mhaith a bheith iontu. Ní mór saintréithe an chineáil a bheith iontu. Ní mór an bia a bheith slán ar fad.

Is féidir na fabhtanna beaga seo a leanas a cheadú, áfach, a fhad nach gcuireann siad sin isteach ar chuma ghinearálta na dtáirgí, ar cháilíocht, ar cháilíocht coinneála ná ar chur i láthair an phacáiste:

- fabht beag sa chruth,
- fabht beag san fhorbairt,
- fabhtanna beaga sa dathú,
- marcanna beaga brú nach mó ná 1 $cm^2$ in achar dromchla iomlán,
- fabhtanna beaga sa chraiceann nach ceart dul thar:
  - 1.5 cm ar fhad i gcás fabhtanna maidir le cruth fadaithe,
  - 1 $cm^2$ san achar dromchla iomlán le haghaidh lochtanna eile.

(iii) Aicme II

Áirítear san aicme seo péitseoga agus neachtairíní nach bhfuil incháilithe lena n-áireamh sna hardaicmí ach a chomhlíonann na híoscheanglais a shonraítear i bpointe A.

---

[26] Arna ríomh mar a thuairiscítear sa treoir ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta maidir le tástálacha oibiachtúla, atá ar fáil ag: http://www.oecd.org/agriculture/fruit-vegetables/publications.

Ní mór an bia a bheith saor ó fhabhtanna móra.

Is féidir na fabhtanna seo a leanas a cheadú, a fhad a choinníonn na péitseoga agus neachtairíní a mbuntréithe a mhéid a bhaineann le cáilíocht, le cáilíocht coinneála, agus le cur i láthair:

– fabhtanna sa chruth,
– fabhtanna san fhorbairt, lena n-áirítear clocha scoilte, a fhad atá an toradh gan oscailt agus an bia slán,
– fabhtanna sa dathú,
– brúnna a bhféadfadh dathú beag a bheith orthu agus nach mó ná 2 $cm^2$ in achar dromchla iomlán,
– fabhtanna sa chraiceann nach ceart dul thar
  – 2.5 cm ar fhad i gcás fabhtanna maidir le cruth fadaithe,
  – 2 $cm^2$ san achar dromchla iomlán le haghaidh lochtanna eile.

## III. FORÁLACHA MAIDIR LE MÉID

Is de réir thrastomhas uasta na coda meánchiorclaí, de réir an mheáchain, nó de réir an lín a chinntear an mhéid.

Is é seo a leanas an t-íosmhéid:

– 56 mm nó 85 g san Aicme 'Breise',
– 51 mm nó 65 g in Aicmí I agus II.

Mar sin féin, torthaí faoi bhun 56 mm nó 85 g, ní mhargaítear iad sin sa tréimhse ón 1 Iúil go dtí an 31 Deireadh Fómhair (heimsféar thuaidh) agus ón 1 Eanáir go dtí an 30 Aibreán (heimsféar theas).

Is roghnach iad na forálacha seo a leanas roghnach i gcás Aicme II.

Chun aonfhoirmeacht maidir le méid a áirithiú, ní rachaidh an raon maidir le méid idir táirgí sa phacáiste céanna thar na méideanna seo a leanas:

(a) I gcás torthaí, de réir an trastomhais:
  – 5 mm i gcás torthaí faoi bhun 70 mm,
  – 10 mm i gcás torthaí faoi bhun 70 mm agus níos mó.

(b) I gcás torthaí, de réir an mheáchain:
  – 30 g i gcás torthaí faoi bhun 180 g,
  – 80 g i gcás torthaí faoi bhun 180 g agus níos mó.

(c) I gcás torthaí a dtomhaistear a méid de réir an lín, ba chóir an difear sa mhéid a bheith ag teacht le (a) nó (b)

Má chuirtear cóid méide i bhfeidhm, ní mór na cóid atá sa tábla thíos a urramú.

| | | Trastomhas | | | meáchan | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | oscailte | a dhealú ón méid a leanas: (mm) | Chuig (mm) | | a dhealú ón méid a leanas: (g) | ar (g) |
| 1 | D | 51 | 56 | nó | 65 | 85 |
| 2 | C | 56 | 61 | | 85 | 105 |
| 3 | B | 61 | 67 | | 105 | 135 |
| 4 | A | 67 | 73 | | 135 | 180 |
| 5 | AA | 73 | 80 | | 180 | 220 |
| 6 | AAA | 80 | 90 | | 220 | 300 |
| 7 | AAAA | > 90 | | | > 300 | |

## IV. FORÁLACHA MAIDIR LE LÁMHALTAIS

Ag gach céim mhargaíochta, ceadófar lamháltais maidir le cáilíocht agus le méid i ngach luchtóg le haghaidh táirgí nach gcomhlíonann na ceanglais le haghaidh na haicme a léirítear.

### A. Lamháltais cháilíochta

(i) Aicme 'Breise'

Is lamháltas iomlán 5 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le péitseoga agus neachtairíní nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ach a chomhlíonann ceanglais Aicme I. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 0.5 % san iomlán de tháirgí a bheith ann a chomhlíonann ceanglais cháilíocht Aicme II.

(ii)Aicme I

Is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le péitseoga nó neachtairíní nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ach a chomhlíonann ceanglais Aicme II. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 1 % san iomlán de tháirgí a bheith ann nach

gcomhlíonann ceanglais cháilíocht Aicme II, nó de tháirgí a bhfuil meath orthu.

(iii) Aicme II

Is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le péitseoga nó neachtairíní nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ná na híoscheanglais. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 2 % san iomlán de tháirgí a bheith ann a bhfuil meath orthu.

**B. Lamháltais mhéide**

I gcás gach aicme (má thomhaistear a méid): is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, a mhéid a bhaineann le péitseoga nó neachtairíní nach gcomhlíonann na ceanglais a mhéid a bhaineann le méid.

## V. FORÁLACHA MAIDIR LE CUR I LÁTHAIR

**A. Aonfhoirmeacht**

Ní mór inneachar gach pacáiste a bheith aonfhoirmeach agus ní bheidh ann ach péitseoga nó neachtairíní ar den tionscamh céanna iad, den chineál céanna, den cháilíocht chéanna, atá ar an leibhéal céanna aibíochta agus ar an méid chéanna (má thomhaistear a méid), agus i gcás na hAicme 'Breise', ní mór an t-inneachar a bheith aonfhoirmeach maidir le dathú freisin.

Ní mór an chuid d'inneachar an phacáiste atá infheicthe a bheith ionadaíoch ar an inneachar ar fad.

**B. Pacáistiú**

Ní mór na péitseoga agus na neachtairíní a phacáil ar bhealach lena mbeidh cosaint cheart ag na táirgí.

Ní mór na hábhair a úsáidtear laistigh den phacáiste a bheith glan agus de cháilíocht lena seachnófar aon dochar seachtrach nó inmheánach do na táirgí. Maidir le hábhair, go háirithe páipéar nó stampaí a bhfuil sonraíochtaí trádála orthu, is féidir iad a úsáid a fhad a dhéantar an cló nó an lipéadú le dúch nó le gliú nach bhfuil tocsaineach.

Maidir le greamáin a ghreamófar ar leithligh de na táirgí, nuair a bhainfear iad, ní fhágfar rianta infheicthe gliú ina ndiaidh, ná ní bheidh fabhtanna sa chraiceann dá ndeasca. Níor cheart go dtiocfadh fabht sa bhia ná sa chraiceann de thoradh faisnéis arna marcáil ar thorthaí aonair le léasar.

Ní mór gach pacáiste a bheith saor ó gach ábhar coimhthíoch.

## VI. FORÁLACHA MAIDIR LE MARCÁIL

Ní mór na mionsonraí seo a leanas a léiriú ar gach pacáiste[27], i litreacha arna ngrúpáil ar an taobh céanna, iad marcáilte go soléite agus go doscriosta, agus infheicthe ón taobh amuigh:

### A. Aitheantas

Ainm agus seoladh fisiciúil an phacálaí agus/nó an riarthóra (mar shampla, sráid/cathair/réigiún/cód poist agus, murab ionann agus an tír thionscnaimh, an tír).

Is féidir an tagairt sin a ionadú:

– i gcás gach pacáiste cé is moite de réamhphacáistí, leis an gcódmharc arna eisiúint go hoifigiúil nó a bhfuil glacadh leis agus lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir a bhaineann go dlúth leis an tagairt 'Pacálaí agus/nó riarthóir' (nó giorrúcháin choibhéiseacha). Roimh an gcódmharc, cuirfear cód tíre nó limistéir ISO 3166 (alfa) na tíre aitheanta, murab í an tír thionscnaimh í;

– i gcás réamhphacáistí amháin, trí ainm agus trí sheoladh díoltóir atá bunaithe laistigh den Aontas agus a bhaineann go dlúth leis an tagairt 'Pacáilte le haghaidh:' nó tagairt choibhéiseach. Sa chás sin, áireofar ar an lipéadú freisin cód lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir. Tabharfaidh an díoltóir gach faisnéis a mheasann an comhlacht cigireachta a bheith riachtanach maidir le brí an chóid seo.

### B. Cineál na dtáirgí

– 'Péitseoga' nó 'Neachtairíní', mura bhfuil an t-inneachar le feiceáil ón taobh amuigh.

– Dath an bhia.

– Ainm an chineáil (roghnach).

### C. Tionscnamh na dtáirgí

Tír thionscnaimh[28] agus, más inmhianaithe, ainm an cheantair inar fásadh na táirgí, nó ainm náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil.

### D. Sonraíochtaí tráchtála

– Aicme.

– Méid (má thomhaistear an mhéid) arna sloinneadh mar thrastomhais íosta agus uasta (in mm) nó mar mheáchan íosta agus uasta (in g) nó mar chód méide.

---

27 Níl feidhm ag na forálacha marcála sin maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair i bpacáistí. Mar sin féin, tá feidhm acu maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair ar leithligh.

28 Léireofar an t-ainm iomlán nó an t-ainm a úsáidtear go coitianta.

– Líon na n-aonad (roghnach).

**E. Marc oifigiúil cáilíochta (roghnach)**

Ní gá na mionsonraí a luaitear sa chéad fhomhír de phointe VI a bheith ar na pacáistí más rud é gur pacáistíochtaí díolacháin atá iontu, go bhfuil na pacáistíochtaí sin le feiceáil go soiléir ón taobh amuigh, agus go bhfuil na mionsonraí sin go léir orthu. Beidh na pacáistí sin saor ó aon léiriú a d'fhéadfadh a bheith míthreorach. Nuair a chuirfear na pacáistí sin ar phailléad, tabharfar na mionsonraí ar fhógra a chuirfear in áit shoiléir ar dhá thaobh ar a laghad den phailléad.

## CUID 6: CAIGHDEÁN MARGAÍOCHTA LE HAGHAIDH PIORRAÍ

### I. TÁIRGÍ A SHAINIÚ

Baineann an caighdeán seo le cineálacha (saothróga) piorraí a fásadh ó *Pyrus communis* L. lena soláthar don tomhaltóir agus iad úr, agus is caighdeán é sin óna n-eisiatar piorraí lena bpróiseáil go tionsclaíoch:

### II. FORÁLACHA MAIDIR LE CÁILÍOCHT

Is é is cuspóir don chaighdeán na ceanglais cháilíochta maidir le piorraí a shainiú, tar éis iad a ullmhú agus a phacáistiú.

Mar sin féin, sna céimeanna tar éis sheoladh na dtáirgí, i ndáil le ceanglais an chaighdeáin, féadfaidh na tréithe seo a leanas a bheith sna táirgí:

– úire agus borrthacht laghdaithe de bheagán,

– i gcás táirgí a grádaíodh in aicmí seachas an Aicme 'Breise', meathlú beag de thoradh a bhforbartha agus a gclaonta chun éagtha.

**A. Íoscheanglais**

I ngach aicme, faoi réir na bhforálacha speisialta maidir le gach aicme agus na lamháltas a cheadófar ina leith, i dtaca le piorraí, beidh na tréithe seo a leanas iontu:

– beidh siad gan bhriseadh,

– beidh siad slán; i gcás táirgí ar a bhfuil lobhadh nó meathlú a fhágann go bhfuil siad mí-oiriúnach lena gcaitheamh, déanfar iad a eisiamh,

– beidh siad glan, geall leis, ó aon ábhar coimhthíoch infheicthe,

– beidh siad saor, geall leis, ó lotnaidí,

– beidh siad saor ó dhamáiste arna dhéanamh ag lotnaidí a chuireann isteach ar an mbia,

– beidh siad saor ó thaise sheachtrach neamhghnách,

– beidh siad saor ó bholadh agus/nó ó bhlas coimhthíoch.

Ní mór forbairt na bpiorraí mar aon lena staid a bheith de chineál lenar féidir:

– iad a iompar agus a láimhseáil gan dochar a dhéanamh dóibh, agus

– bail shásúil a bheith orthu ar shroicheadh an chinn scríbe dóibh.

**B. Ceanglais aibíochta**

Ní mór forbairt na bpiorraí mar aon lena staid aibíochta a bheith de chineál lena gcuirfear ar chumas na bpiorraí sin leanúint dá bpróiseas aibiúcháin agus an leibhéal aibíochta is gá i ndáil leis na saintréithe cineál a bhaint amach.

**C. Aicmiú**

Aicmítear piorraí i dtrí aicme a shainítear mar a leanas:

(i) Aicme 'Breise'

Piorraí san aicme seo, ní mór ardcháilíocht a bheith iontu. Ní mór saintréithe an chineáil a bheith iontu[29].

Ní mór an bia a bheith breá slán, agus an craiceann, ní mór é a bheith saor ó ruachan garbh.

Ní mór iad a bheith saor ó fhabhtanna, ach amháin fabhtanna dromchlacha fíorbheaga a fhad nach gcuireann siad sin isteach ar chuma ghinearálta na dtáirgí, ar cháilíocht, ar cháilíocht coinneála ná ar chur i láthair an phacáiste:

Ní mór an gas a bheith gan bhriseadh.

Níor cheart piorraí a bheith greanach.

(ii)Aicme I

Piorraí san aicme seo, ní mór cáilíocht mhaith a bheith iontu. Ní mór saintréithe an chineáil a bheith iontu[30].

Ní mór an bia a bheith slán ar fad.

Is féidir na fabhtanna beaga seo a leanas a cheadú, áfach, a fhad nach gcuireann siad sin isteach ar chuma ghinearálta na dtáirgí, ar cháilíocht, ar cháilíocht coinneála ná ar chur i láthair an phacáiste:

– fabht beag sa chruth,

– fabht beag san fhorbairt,

– fabhtanna beaga sa dathú,

---

29 Áirítear san aguisín a ghabhann leis an gcaighdeán seo liosta neamh-uileghabhálach de chineálacha mórphiorraí agus piorraí samhraidh.

30 Áirítear san aguisín a ghabhann leis an gcaighdeán seo liosta neamh-uileghabhálach de chineálacha mórphiorraí agus piorraí samhraidh.

– ruachan garbh fíorbheag,

– fabhtanna beaga sa chraiceann nach ceart dul thar:

  – 2 cm ar fad i gcás fabhtanna maidir le fadú crutha,

  – 1 cm² den achar dromchla iomlán i gcás fabhtanna eile, cé is moite den ghalar carrach (*Venturia pirina* agus *V. inaequalis*), nach ceart dó dul thar 0.25 cm², carnach, ina achar,

– brú beag nach mó ná 1 cm² ina achar.

Is féidir damáiste beag a bheith ar an ngas.

Níor cheart piorraí a bheith greanach.

(iii) Aicme II

Áirítear san aicme seo piorraí nach bhfuil incháilithe lena n-áireamh sna hardaicmí ach a chomhlíonann na híoscheanglais a shonraítear i bpointe A.

Ní mór an bia a bheith saor ó fhabhtanna móra.

Is féidir na fabhtanna seo a leanas a cheadú, a fhad a choinníonn na húlla a mbuntréithe maidir le cáilíocht, le cáilíocht coinneála, agus le cur i láthair.

– fabhtanna sa chruth,

– fabht san fhorbairt,

– fabhtanna sa dathú,

– ruachan garbh fíorbheag,

– fabhtanna sa chraiceann nach ceart dul thar:

  – 4 cm ar fhad i gcás fabhtanna maidir le cruth fadaithe,

  – 2.5 cm² den achar dromchla iomlán i gcás fabhtanna eile, cé is moite den ghalar carrach (*Venturia pirina* agus *V. inaequalis*), nach ceart dó dul thar 1 cm², carnach, ina achar,

  – brú beag nach mó ná 2 cm² ina achar.

## III. FORÁLACHA MAIDIR LE MÉID

Is de réir thrastomhas uasta na coda meánchiorclaí nó de réir an mheáchain a chinntear an mhéid.

Is é seo a leanas an t-íosmhéid:

(a) I gcás torthaí, de réir an trastomhais:

| | 'Breis' | Aicme I | Aicme II |
|---|---|---|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| Mórchineálacha | 60 mm | 55 mm | 55 mm |
| Cineálacha eile | 55 mm | 50 mm | 45 mm |

(b) I gcás torthaí, de réir an mheáchain:

| | 'Breis' | Aicme I | Aicme II |
|---|---|---|---|
| Mórchineálacha | 130 g | 110 g | 110 g |
| Cineálacha eile | 110 g | 100 g | 75 g |

Piorraí samhraidh a áirítear san aguisín a ghabhann leis an gcaighdeán seo, ní gá dóibh an t-íosmhéid a urramú.

Chun an aonfhoirmeacht maidir le méid a áirithiú, ní rachaidh an raon maidir le méid idir na táirgí sa phacáiste céanna thar na méideanna seo a leanas:

(a) I gcás torthaí, de réir an trastomhais:

– 5 mm i gcás thorthaí na hAicme 'Breise' agus i gcás thorthaí Aicme I agus II a pacáladh i rónna agus i sraitheanna,

– 10 mm i gcás thorthaí Aicme I a pacáladh i bpacáistíochtaí díolacháin nó torthaí scaoilte sa phacáiste.

(b) I gcás torthaí, de réir an mheáchain:

– i gcás úlla na hAicme 'Breise' agus i gcás úlla Aicmí I agus II a pacáladh i rónna agus i sraitheanna:

| Raon (g) | Difríocht sa mheáchan (g) |
|---|---|
| 75 - 100 | 15 |
| 100 – 200 | 35 |
| 200-250 | 50 |
| > 250 | 80 |

– i gcás thorthaí Aicme I a pacáladh i bpacáistíochtaí díolacháin nó torthaí scaoilte sa phacáiste:

| Raon (g) | Difríocht sa mheáchan (g) |
|---|---|
| 100 – 200 | 50 |
| > 200 | 100 |

Níl teorainn maidir le haonfhoirmeacht ó thaobh méide de i gcás thorthaí Aicme II a pacáladh i bpacáistíochtaí díolacháin nó torthaí scaoilte sa phacáiste.

## IV. FORÁLACHA MAIDIR LE LÁMHALTAIS

Ag gach céim mhargaíochta, ceadófar lamháltais maidir le cáilíocht agus le méid i ngach luchtóg le haghaidh táirgí nach gcomhlíonann ceanglais na haicme a léirítear.

### A. Lamháltais cháilíochta

(i) Aicme 'Breise'

Is lamháltas iomlán 5 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le piorraí nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ach a chomhlíonann ceanglais Aicme I. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 0.5 % san iomlán de tháirgí a bheith ann a chomhlíonann ceanglais cháilíocht Aicme II.

(ii)Aicme I

Is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le piorraí nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ach a chomhlíonann ceanglais Aicme II. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 1 % san iomlán de tháirgí a bheith ann nach gcomhlíonann ceanglais cháilíocht Aicme II, nó de tháirgí a bhfuil meath orthu.

(iii) Aicme II

Is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le piorraí nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ná na híoscheanglais. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 2 % san iomlán de tháirgí a bheith ann a bhfuil meath orthu.

### B. Lamháltais mhéide

I gcás gach aicme: is lamháltas iomlán 10 % de phiorraí a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, a mhéid a bhaineann le méid. Ní féidir an lamháltas sin a leathnú chuig táirgí ar an méid seo a leanas:

– trastomhas íosta is lú ná 5 mm,

– meáchan íosta is lú ná 10 g.

## V. FORÁLACHA MAIDIR LE CUR I LÁTHAIR

### A. Aonfhoirmeacht

Ní mór inneachar gach pacáiste a bheith aonfhoirmeach agus ní bheidh ann ach piorraí ar den tionscnamh céanna iad, den chineál nó den chineál tráchtála céanna iad, den cháilíocht chéanna iad agus atá ar an méid chéanna (más méid iad) agus ar an leibhéal céanna aibíochta.

I gcás na hAicme 'Breise', tá feidhm ag an aonfhoirmeacht freisin maidir le dathú.

Mar sin féin, is féidir meascán cineálacha piorraí a bhfuil difear soiléir eatarthu a phacáil in éineacht i bpacáistíocht díolacháin a fhad atá siad sin aonfhoirmeach maidir le cáilíocht agus, i gcás gach cineáil lena mbaineann, go bhfuil siad aonfhoirmeach maidir le tionscnamh de. Ní gá aonfhoirmeacht maidir le méid.

Ní mór an chuid d'inneachar an phacáiste atá infheicthe a bheith ionadaíoch ar an inneachar ar fad.

**B. Pacáistiú**

Ní mór na piorraí a phacáil ar bhealach lena mbeidh cosaint cheart ag na táirgí.

Ní mór na hábhair a úsáidtear laistigh den phacáiste a bheith glan agus de cháilíocht lena seachnófar aon dochar seachtrach nó inmheánach do na táirgí. Maidir le hábhair, go háirithe páipéar nó stampaí a bhfuil sonraíochtaí trádála orthu, is féidir iad a úsáid a fhad a dhéantar an cló nó an lipéadú le dúch nó le gliú nach bhfuil tocsaineach.

Maidir le greamáin a ghreamófar ar leithligh de na táirgí, nuair a bhainfear iad, ní fhágfar rianta infheicthe gliú ina ndiaidh, ná ní bheidh fabhtanna sa chraiceann dá ndeasca. Níor cheart go dtiocfadh fabhtanna sa bhia ná sa chraiceann de thoradh faisnéis arna marcáil ar thorthaí aonair le léasar.

Ní mór gach pacáiste a bheith saor ó gach ábhar coimhthíoch.

## VI. FORÁLACHA MAIDIR LE MARCÁIL

Ní mór na mionsonraí seo a leanas a léiriú ar gach pacáiste[31], i litreacha arna ngrúpáil ar an taobh céanna, iad marcáilte go soléite agus go doscriosta, agus infheicthe ón taobh amuigh.

**A. Aitheantas**

Ainm agus seoladh fisiciúil an phacálaí agus/nó an riarthóra (mar shampla, sráid/cathair/réigiún/cód poist agus, murab ionann agus an tír thionscnaimh, an tír).

Is féidir an tagairt sin a ionadú:

– i gcás gach pacáiste cé is moite de réamhphacáistí, leis an gcódmharc arna eisiúint go hoifigiúil nó a bhfuil glacadh leis agus lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir a bhaineann go dlúth leis an tagairt 'Pacálaí agus/nó Riarthóir' (nó giorrúcháin

[31] Níl feidhm ag na forálacha marcála sin maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair i bpacáistí. Mar sin féin, tá feidhm acu maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair ar leithligh.

choibhéiseacha). Roimh an gcódmharc, cuirfear cód tíre nó limistéir ISO 3166 (alfa) na tíre aitheanta, murab í an tír thionscnaimh í;

– i gcás réamhphacáistí amháin, trí ainm agus trí sheoladh díoltóir atá bunaithe laistigh den Aontas agus a bhaineann go dlúth leis an tagairt 'Pacáilte le haghaidh:' nó tagairt choibhéiseach. Sa chás sin, áireofar ar an lipéadú freisin cód lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir. Tabharfaidh an díoltóir gach faisnéis a mheasann an comhlacht cigireachta a bheith riachtanach maidir le brí an chóid seo.

**B. Cineál na dtáirgí**

– 'Piorraí' mura bhfuil an t-inneachar le feiceáil ón taobh amuigh.

– Ainm an chineáil. I gcás meascán cineálacha piorraí a bhfuil difear soiléir eatarthu, ainmneacha na gcineálacha éagsúla.

– Is féidir comhchiallach a chur in ionad ainm an chineáil. Ní féidir trádainm[32] a thabhairt ach amháin i dteannta an chineáil nó an téarma chomhchiallaigh.

**C. Tionscnamh na dtáirgí**

Tír thionscnaimh[33] agus, más inmhianaithe, ainm an cheantair inar fásadh na táirgí, nó ainm náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil.

I gcás meascán cineálacha piorraí a bhfuil difear soiléir eatarthu, agus ar de thionscnaimh éagsúla iad, is taobh le hainm an chineáil lena mbaineann a thabharfar an léiriú faoin tír thionscnaimh i ngach cás.

**D. Sonraíochtaí tráchtála**

– Aicme.

– Méid, nó i gcás torthaí a pacáladh i rónna agus sraitheanna, líon na n-aonad.

– Más de réir méide a shainaithnítear na torthaí, ba cheart é sin a shloinneadh:

  (a) mar thrastomhais íosta agus uasta nó mar mheáchain íosta agus uasta, i gcás na dtáirgí atá faoi réir na rialacha aonfhoirmeachta,

  (b) más inmhianaithe, i gcás na dtáirgí nach bhfuil faoi réir na rialacha aonfhoirmeachta, mar thrastomhas nó mar mheáchan na dtorthaí is lú sa phacáiste agus na focail 'agus os cionn' ina dhiaidh sin nó, i gcás inarb iomchuí, trastomhas nó meáchan na dtorthaí is mó sa phacáiste ina dhiaidh sin.

---

32 Is féidir le trádainm a bheith ina thrádmharc a bhfuil cosaint á lorg nó a bhfuil cosaint faighte ina leith, nó an bhfuil aon ainmníocht tráchtála eile á lorg ina leith.

33 Léireofar an t-ainm iomlán nó an t-ainm a úsáidtear go coitianta.

## E. Marc oifigiúil cáilíochta (roghnach)

Ní gá na mionsonraí a luaitear sa chéad fhomhír de phointe VI a bheith ar na pacáistí más rud é gur pacáistíochtaí díolacháin atá iontu, go bhfuil na pacáistíochtaí sin le feiceáil go soiléir ón taobh amuigh, agus go bhfuil na mionsonraí sin go léir orthu. Beidh na pacáistí sin saor ó aon léiriú a d'fhéadfadh a bheith míthreorach. Nuair a chuirfear na pacáistí sin ar phailléad, tabharfar na mionsonraí ar fhógra a chuirfear in áit shoiléir ar dhá thaobh ar a laghad den phailléad.

**Aguisín**

**Liosta neamh-uileghabhálach de mhórphiorraí agus de phiorraí samhraidh**

Is féidir mionchineálacha agus cineálacha eile nach bhfuil sa tábla a mhargú a fhad a chomhlíonann siad ceanglais mhéide cineálacha eile mar a thuairiscítear i Roinn III den chaighdeán iad.

Is féidir roinnt de na cineálacha atá liostaithe sa tábla seo a leanas a mhargú faoi ainmneacha a bhfuil cosaint trádmharcanna á lorg nó a bhfuil cosaint trádmharcanna faighte ina leith, i dtír amháin ar a laghad. Níl sé i gceist na trádmhairc sin a áireamh sna chéad dhá cheann de cholúin an tábla seo thíos. Is chun críoch faisnéise amháin a áiríodh tagairtí do thrádmharcanna aitheanta sa tríú colún.

Eochair eolais:

L = Mórchineál

SP = Piorra samhraidh, nach gá aon íosmhéid ina leith.

| Cineál | Comhchiallaigh | Trádmharcanna | Méid |
|---|---|---|---|
| Abbé Fétel | Abate Fetel | | L |
| Abugo o Siete en Boca | | | SP |
| Akça | | | SP |
| Alka | | | L |
| Alsa | | | L |
| Amfora | | | L |
| Alexandrine Douillard | | | L |
| Bambinella | | | SP |
| Bergamotten | | | SP |
| Beurré Alexandre Lucas | LUCAS | | L |
| Beurré Bosc | Bosc, Beurré d'Apremont, Empereur Alexandre, Kaiser Alexander | | L |
| Beurré Clairgeau | | | L |
| Beurré d'Arenberg | Hardenpont | | L |
| Beurré Giffard | | | SP |
| Beurré précoce Morettini | Morettini | | SP |
| Blanca de Aranjuez | Agua de Aranjuez, | | SP |

| Cineál | Comhchiallaigh | Trádmharcanna | Méid |
|---|---|---|---|
| | Espadona, Blanquilla | | |
| Carusella | | | SP |
| Castell | Castell de Verano | | SP |
| Colorée de Juillet | Bunte Juli | | SP |
| Comice rouge | | | L |
| Concorde | | | L |
| Condoula | | | SP |
| Coscia | Ercolini | | SP |
| Curé | Curato, Pastoren, Del cura de Ouro, Espadon de invierno, Bella de Berry, Lombardia de Rioja, Batall de Campana | | L |
| D'Anjou | | | L |
| Dita | | | L |
| D. Joaquina | Doyenné de Juillet | | SP |
| Doyenné d'hiver | Winterdechant | | L |
| Doyenné du Comice | Comice, Vereinsdechant | | L |
| Erika | | | L |
| Etrusca | | | SP |
| Lasairéin | | | L |
| Forelle | | | L |
| Général Leclerc | | Amber Grace™ | L |
| Gentile | | | SP |
| Golden Russet Bosc | | | L |
| Grand champion | | | L |
| Harrow Delight | | | L |
| Jeanne d'Arc | | | L |
| Joséphine | | | L |
| Kieffer | | | L |
| Klapa Mīlule | | | L |
| Leonardeta | Mosqueruela, Margallon, Colorada de Alcanadre, Leonarda de Magallon | | SP |
| Lombacad | | Cascade ® | L |

| Cineál | Comhchiallaigh | Trádmharcanna | Méid |
|---|---|---|---|
| Moscatella | | | SP |
| Mramornaja | | | L |
| Mustafabey | | | SP |
| Packham's Triumph | Williams d'Automne | | L |
| Passe Crassane | Passa Crassana | | L |
| Perita de San Juan | | | SP |
| Pérola | | | SP |
| Pitmaston | Williams Duchesse | | L |
| Précoce de Trévoux | Trévoux | | SP |
| Président Drouard | | | L |
| Rosemarie | | | L |
| Santa Maria | Santa Maria Morettini | | SP |
| Spadoncina | Agua de Verano, Agua de Agosto | | SP |
| Suvenirs | | | L |
| Taylors Gold | | | L |
| Triomphe de Vienne | | | L |
| Vasarine Sviestine | | | L |
| Williams Bon Chrétien | Bon Chrétien, Bartlett, Williams, Summer Bartlett | | L |

## CUID 7: CAIGHDEÁN MARGAÍOCHTA LE HAGHAIDH SÚTHA TALÚN

### I. TÁIRGÍ A SHAINIÚ

Baineann an caighdeán seo le cineálacha (saothróga) sútha talún a fásadh ón ngéineas *Fragaria* L., lena soláthar don tomhaltóir agus iad úr, ach is caighdeán é sin óna n-eisiatar torthaí citris lena bpróiseáil go tionsclaíoch:

### II. FORÁLACHA MAIDIR LE CÁILÍOCHT

Is é is cuspóir don chaighdeán na ceanglais cháilíochta maidir le sútha talún a shainiú, tar éis iad a ullmhú agus a phacáistiú.

Mar sin féin, sna céimeanna tar éis sheoladh na dtáirgí, i ndáil le ceanglais an chaighdeáin, féadfaidh na tréithe seo a leanas a bheith sna táirgí:

– úire agus borrthacht laghdaithe de bheagán,

– i gcás táirgí a grádaíodh in aicmí seachas an Aicme 'Breise', meathlú beag de thoradh a bhforbartha agus a gclaonta chun éagtha.

**A. Íoscheanglais**

I ngach rang, faoi réir na bhforálacha speisialta le haghaidh gach aicme agus na lamháltas a cheadaítear, ní mór na tréithe seo a leanas a bheith sna sútha talún:

– beidh siad slán, gan damáiste,

– beidh siad slán; i gcás táirgí ar a bhfuil lobhadh nó meathlú a fhágann go bhfuil siad mí-oiriúnach lena gcaitheamh, déanfar iad a eisiamh,

– beidh siad glan, geall leis, ó aon ábhar coimhthíoch infheicthe,

– beidh cuma úr orthu, ach ní bheidh siad nite,

– beidh siad saor, geall leis, ó lotnaidí,

– beidh siad saor geall leis ó dhamáiste arna ndéanamh ag lotnaidí,

– beidh siad in éineacht leis an gcailís (ach amháin i gcás sútha talún adhmaid); ní mór an chailís agus an gas (más ann dó) a bheith úr,

– beidh siad saor ó thaise sheachtrach neamhghnách,

– beidh siad saor ó bholadh agus/nó ó bhlas coimhthíoch.

Ní mór na sútha talún a bheith forbartha go leordhóthanach, agus ní mór dóibh aibíocht shásúil a léiriú. Ní mór an fhorbairt mar aon leis an staid a bheith de chineál lenar féidir:

– iad a iompar agus a láimhseáil gan dochar a dhéanamh dóibh, agus

– bail shásúil a bheith orthu ar shroicheadh an chinn scríbe dóibh.

**B. Aicmiú**

Aicmítear na sútha talún i dtrí aicme a shainítear mar a leanas:

(i) Aicme 'Breise'

Sútha talún san aicme seo, ní mór ardcháilíocht a bheith iontu. Ní mór saintréithe an chineáil a bheith iontu.

Ní mór na tréithe seo a leanas a bheith iontu:

- beidh cuma gheal orthu ceart sa chuma, lena gceadaítear saintréithe an chineáil,
- beidh siad saor ó ithir.

Ní mór iad a bheith saor ó fhabhtanna, ach amháin fabhtanna dromchlacha fíorbheaga a fhad nach gcuireann siad sin isteach ar chuma ghinearálta na dtáirgí, ar cháilíocht, ar cháilíocht coinneála ná ar chur i láthair an phacáiste:

(ii)Aicme I

Sútha talún san aicme seo, ní mór cáilíocht mhaith a bheith iontu. Ní mór saintréithe an chineáil a bheith iontu.

Is féidir na fabhtanna beaga seo a leanas a cheadú, áfach, a fhad nach gcuireann siad sin isteach ar chuma ghinearálta na dtáirgí, ar cháilíocht, ar cháilíocht coinneála ná ar chur i láthair an phacáiste:

– fabht beag sa chruth,
– paiste bán beag a bheith ann, nach mó ná an deichiú cuid d'achar dromchla iomlán na dtorthaí,
– marcanna beaga brú dromchlacha.

Ní mór dóibh a bheith saor ó ithir, geall leis.

(iii) Aicme II

Áirítear san aicme seo sútha talún nach bhfuil incháilithe lena n-áireamh sna hardaicmí ach a chomhlíonann na híoscheanglais a shonraítear i bpointe A.

Is féidir na fabhtanna seo a leanas a cheadú, a fhad a choinníonn na sútha talún a mbuntréithe a mhéid a bhaineann le cáilíocht, le cáilíocht coinneála, agus le cur i láthair:

– fabhtanna sa chruth,
– paiste bán a bheith ann, nach mó ná an cúigiú cuid d'achar dromchla iomlán na dtorthaí,
– brú tirim beag nach dócha go leathfaidh sé,
– rianta beaga ithreach.

## III. FORÁLACHA MAIDIR LE MÉID

Is de réir thrastomhas uasta na coda meánchiorclaí nó de réir an mheáchain a chinntear an mhéid.

Is é seo a leanas an t-íosmhéid:

– 25 mm san Aicme 'Breise',

– 18 mm in Aicmí I agus II.

Níl íosmhéid ann le haghaidh sútha talún adhmaid.

## IV. FORÁLACHA MAIDIR LE LÁMHALTAIS

Ag gach céim mhargaíochta, ceadófar lamháltais maidir le cáilíocht agus le méid i ngach luchtóg le haghaidh táirgí nach gcomhlíonann ceanglais na haicme a léirítear.

### A. Lamháltais cháilíochta

(i) Aicme 'Breise'

Is lamháltas iomlán 5 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le sútha talún nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ach a chomhlíonann ceanglais Aicme I. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 0.5 % san iomlán de tháirgí a bheith ann a chomhlíonann ceanglais cháilíocht Aicme II.

(ii)Aicme I

Is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le sútha talún nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ach a chomhlíonann ceanglais Aicme II. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 2 % san iomlán de tháirgí a bheith ann nach gcomhlíonann ceanglais cháilíocht Aicme II, nó de tháirgí a bhfuil meath orthu.

(iii) Aicme II

Is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le sútha talún nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ná na híoscheanglais. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 2 % san iomlán de tháirgí a bheith ann a bhfuil meath orthu.

### B. Lamháltais mhéide

I gcás gach aicme: is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le sútha talún nach gcomhlíonann na ceanglais a mhéid a bhaineann le híosmhéid.

## V. FORÁLACHA MAIDIR LE CUR I LÁTHAIR

### A. Aonfhoirmeacht

Ní mór inneachar gach pacáiste a bheith aonfhoirmeach agus ní bheidh ann ach sútha talún ar den tionscnamh céanna, den chineál céanna nó den cháilíocht chéanna iad.

San Aicme 'Breise', ní mór sútha talún cé is moite de shútha talún adhmaid a bheith an-chomhionann agus de réir a chéile i ndáil le leibhéal na haibíochta, leis an dath, agus leis an méid. In Aicme I, is féidir nach mbeidh sútha talún chomh aonfhoirmeach maidir le méid.

Ní mór an chuid d'inneachar an phacáiste atá infheicthe a bheith ionadaíoch ar an inneachar ar fad.

**B. Pacáistiú**

Ní mór na sútha talún a phacáil ar bhealach lena mbeidh cosaint cheart ag na táirgí.

Ní mór na hábhair a úsáidtear laistigh den phacáiste a bheith glan agus de cháilíocht lena seachnófar aon dochar seachtrach nó inmheánach do na táirgí. Maidir le hábhair, go háirithe páipéar nó stampaí a bhfuil sonraíochtaí trádála orthu, is féidir iad a úsáid a fhad a dhéantar an cló nó an lipéadú le dúch nó le gliú nach bhfuil tocsaineach.

Ní mór gach pacáiste a bheith saor ó gach ábhar coimhthíoch.

## VI. FORÁLACHA MAIDIR LE MARCÁIL

Ní mór na mionsonraí seo a leanas a léiriú ar gach pacáiste[34], i litreacha arna ngrúpáil ar an taobh céanna, iad marcáilte go soléite agus go doscriosta, agus infheicthe ón taobh amuigh:

**A. Aitheantas**

Ainm agus seoladh fisiciúil an phacálaí agus/nó an riarthóra (mar shampla, sráid/cathair/réigiún/cód poist agus, murab ionann agus an tír thionscnaimh, an tír).

Is féidir an tagairt sin a ionadú:

– i gcás gach pacáiste cé is moite de réamhphacáistí, leis an gcódmharc arna eisiúint go hoifigiúil nó a bhfuil glacadh leis agus lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir arna léiriú agus nasc dlúth aige leis an tagairt 'Pacálaí agus/nó Riarthóir' (nó giorrúcháin choibhéiseacha). Roimh an gcódmharc, cuirfear cód tíre nó limistéir ISO 3166 (alfa) na tíre aitheanta, murab í an tír thionscnaimh í;

– i gcás réamhphacáistí amháin, trí ainm agus trí sheoladh díoltóir atá bunaithe laistigh den Aontas agus a bhaineann go dlúth leis an tagairt

[34] Níl feidhm ag na forálacha marcála sin maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair i bpacáistí. Mar sin féin, tá feidhm acu maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair ar leithligh.

'Pacáilte le haghaidh:' nó tagairt choibhéiseach. Sa chás sin, áireofar ar an lipéadú freisin cód lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir. Tabharfaidh an díoltóir gach faisnéis a mheasann an comhlacht cigireachta a bheith riachtanach maidir le brí an chóid seo.

**B. Cineál na dtáirgí**

– 'Sútha talún' mura bhfuil an t-inneachar le feiceáil ón taobh amuigh.

– Ainm an chineáil (roghnach).

**C. Tionscnamh na dtáirgí**

Tír thionscnaimh[35] agus, más inmhianaithe, ainm an cheantair inar fásadh na táirgí, nó ainm náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil.

**D. Sonraíochtaí tráchtála**

– Aicme.

**E. Marc oifigiúil cáilíochta (roghnach)**

Ní gá na mionsonraí a luaitear sa chéad fhomhír de phointe IV a bheith ar na pacáistí más rud é gur pacáistíochtaí díolacháin atá iontu, go bhfuil na pacáistíochtaí sin le feiceáil go soiléir ón taobh amuigh, agus go bhfuil na mionsonraí sin go léir orthu. Beidh na pacáistí sin saor ó aon léiriú a d'fhéadfadh a bheith míthreorach. Nuair a chuirfear na pacáistí sin ar phailléad, tabharfar na mionsonraí ar fhógra a chuirfear in áit shoiléir ar dhá thaobh ar a laghad den phailléad.

---

35 Léireofar an t-ainm iomlán nó an t-ainm a úsáidtear go coitianta.

**CUID 8: CAIGHDEÁN MARGAÍOCHTA LE HAGHAIDH PIOBAR**

## I. TÁIRGÍ A SHAINIÚ

Baineann an caighdeán seo le cineálacha[36] (saothróga) piobar a fásadh ó *Capsicum annuum* L., lena soláthar don tomhaltóir agus iad úr, agus is caighdeán é sin óna n-eisiatar piobair lena bpróiseáil go tionsclaíoch.

## II. FORÁLACHA MAIDIR LE CÁILÍOCHT

Is é is cuspóir don chaighdeán na ceanglais cháilíochta maidir le piobair mhilse a shainiú, tar éis ullmhú agus pacáistiú dóibh.

Mar sin féin, sna céimeanna tar éis sheoladh na dtáirgí, i ndáil le ceanglais an chaighdeáin, féadfaidh na tréithe seo a leanas a bheith sna táirgí:

– úire agus borrthacht laghdaithe de bheagán,

– i gcás táirgí a grádaíodh in aicmí seachas an Aicme ‘Breise’, meathlú beag de thoradh a bhforbartha agus a gclaonta chun éagtha.

### A. Íoscheanglais

I ngach rang, faoi réir na bhforálacha speisialta le haghaidh gach aicme agus na lamháltas a cheadaítear, ní mór na tréithe seo a leanas a bheith sna piobair mhilse:

– beidh siad gan bhriseadh,

– beidh siad slán; i gcás táirgí ar a bhfuil lobhadh nó meathlú a fhágann go bhfuil siad mí-oiriúnach lena gcaitheamh, déanfar iad a eisiamh,

– beidh siad glan, geall leis, ó aon ábhar coimhthíoch infheicthe,

– beidh cuma úr orthu,

– beidh siad daingean,

– beidh siad saor, geall leis, ó lotnaidí,

– beidh siad saor ó dhamáiste arna dhéanamh ag lotnaidí a chuireann isteach ar an mbia,

– saor ó dhamáiste arb í teocht íseal nó sioc is cúis leis,

– le sealgóga ceangailte; ní mór an tsealgóg a ghearradh go néata agus an chailís a bheith slán,

– beidh siad saor ó thaise sheachtrach neamhghnách,

– beidh siad saor ó bholadh agus/nó ó bhlas coimhthíoch.

Ní mór forbairt na bpiobar milis mar aon lena staid a bheith de chineál lenar féidir:

– iad a iompar agus a láimhseáil agus,

– bail shásúil a bheith orthu ar shroicheadh an chinn scríbe dóibh.

[36] Is féidir blas te a bheith ar roinnt cineálacha piobair mhilse. Is samplaí de chineálacha tráchtála piobar milis a bhfuil blas beagán te orthu iad Sivri, Padron, agus Somborka.

**B. Aicmiú**

Aicmítear piobair i dtrí aicme a shainítear mar a leanas:

(i) Aicme 'Breise'

Piobair mhilse san aicme seo, ní mór ardcháilíocht a bheith iontu. Ní mór saintréithe an chineáil agus/nó an chineáil tráchtála a bheith iontu.

Ní mór iad a bheith saor ó fhabhtanna, ach amháin fabhtanna dromchlacha fíorbheaga a fhad nach gcuireann siad sin isteach ar chuma ghinearálta na dtáirgí, ar cháilíocht, ar cháilíocht coinneála ná ar chur i láthair an phacáiste:

(ii)Aicme I

Piobair mhilse san aicme seo, ní mór cáilíocht mhaith a bheith iontu. Ní mór saintréithe an chineáil agus/nó an chineáil tráchtála a bheith iontu.

Is féidir na fabhtanna beaga seo a leanas a cheadú, áfach, a fhad nach gcuireann siad sin isteach ar chuma ghinearálta na dtáirgí, ar cháilíocht, ar cháilíocht coinneála ná ar chur i láthair an phacáiste:

- fabht beag sa chruth,
- dathú beagáinín airgeadaithe nó damáiste de dheasca tripise nach gcumhdaíonn níos mó ná 1/3 den achar dromchla iomlán,
- fabhtanna beaga sa chraiceann, amhail:
  - polladh, scríobadh, dó gréine, marcanna brú lena gcumhdaítear nach mó ná 2 cm san iomlán i gcás fabhtanna maidir le fadú crutha, agus 1cm² i gcás fabhtanna eile; nó
  - scoilteanna tirime dromchlacha nach mó ná 1/8 san iomlán den achar dromchla iomlán a chumhdaíonn siad,
- damáiste beag ar an tsealgóg.

(iii) Aicme II

Áirítear san aicme seo piobair mhilse nach bhfuil incháilithe lena n-áireamh sna hardaicmí ach a chomhlíonann na híoscheanglais a shonraítear i bpointe A.

Is féidir na fabhtanna seo a leanas a cheadú, a fhad a choinníonn na piobair mhilse a mbuntréithe a mhéid a bhaineann le cáilíocht, le cáilíocht coinneála, agus le cur i láthair:

- fabhtanna sa chruth,
- dathú airgeadaithe nó damáiste de dheasca tripise nach mó ná 2/3 den achar dromchla iomlán a chumhdaíonn siad,
- fabhtanna beaga sa chraiceann, amhail:
  - polladh, scríobadh, dó gréine, brú agus gortaithe arna gcneasú nach mó ná 4 cm ar fhad san iomlán i gcás fabhtanna maidir le cruth fadaithe, agus 2.5 cm2 i gcás fabhtanna eile; nó

– scoilteanna tirime dromchlacha nach mó ná 1/4 san iomlán den achar dromchla iomlán a chumhdaíonn siad

– meathlú ar chríoch an phéacáin nach mó ná 1 cm²,

– seargadh nach mó ná 1/3 den dromchla,

– sealgóg agus cailís dhamáistithe, an fhad a fhanann an bia máguaird slán.

## III. FORÁLACHA MAIDIR LE MÉID

Is de réir thrastomhas uasta na coda meánchiorclaí nó de réir an mheáchain a chinntear an mhéid. Chun aonfhoirmeacht maidir le méid a áirithiú, ní rachaidh an raon maidir le méid idir táirgí sa phacáiste céanna thar na méideanna seo a leanas:

(a) I gcás na bpiobar milis a dtomhaistear a méid de réir an trastomhais:

– 20 mm.

(b) I gcás na bpiobar milis a dtomhaistear a méid de réir an mheáchain:

– 30 g i gcás nach lú meáchan an phíosa ná 180 g,

– 80 g i gcás nach éadroime meáchan an phíosa ná 180 g ach nach mó é ná 260,

– Ní bhíonn aon teorainn i gceist i gcás nach lú meáchan an phíosa ná 260 g,

Ba cheart piobair mhilse fhada a bheith sách aonfhoirmeach ó thaobh faid de.

Níl aonfhoirmeacht maidir le méid éigeantach i gcás Aicme II.

## IV. FORÁLACHA MAIDIR LE LÁMHALTAIS

Ag gach céim mhargaíochta, ceadófar lamhháltais maidir le cáilíocht agus le méid i ngach luchtóg le haghaidh táirgí nach gcomhlíonann ceanglais na haicme a léirítear.

### A. Lamhháltais cháilíochta

(i) Aicme 'Breise'

Is lamhháltas iomlán 5 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le piobair mhilse nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ach a chomhlíonann ceanglais Aicme I. Laistigh den lamhháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 0.5 % san iomlán de tháirgí a bheith ann a chomhlíonann ceanglais cháilíocht Aicme II.

(ii)Aicme I

Is lamhháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le piobair mhilse nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ach a chomhlíonann ceanglais Aicme II. Laistigh den lamhháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 1 % san iomlán de tháirgí a bheith ann nach gcomhlíonann ceanglais cháilíocht Aicme II, nó de tháirgí a bhfuil meath orthu.

(iii) Aicme II

Is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le piobair mhilse nach gcomhlíonann ceanglais na haicme ná na híoscheanglais. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 2 % san iomlán de tháirgí a bheith ann a bhfuil meath orthu.

**B. Lamháltais mhéide**

I gcás gach aicme (má thomhaistear a méid): is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le piobair mhilse nach gcomhlíonann na ceanglais a mhéid a bhaineann le méid.

## V. FORÁLACHA MAIDIR LE CUR I LÁTHAIR

**A. Aonfhoirmeacht**

Ní mór inneachar gach pacáiste a bheith aonfhoirmeach agus ní bheidh ann ach piobair mhilse ar den tionscnamh céanna iad, den chineál nó den chineál tráchtála céanna iad, den cháilíocht chéanna iad, atá ar an méid chéanna (má thomhaistear a méid) agus, i gcás na hAicme 'Breis' agus Aicme I, agus ar cosúil iad a bheith ar an leibhéal céanna aibíochta agus dathaithe.

Mar sin féin, is féidir meascán piobair mhilse a bhfuil difear soiléir eatarthu maidir le cineál tráchtála agus/nó le dath a phacáil in éineacht i bpacáiste, a fhad atá siad aonfhoirmeach maidir le cáilíocht agus, i gcás gach cineáil tráchtála agus/nó gach datha lena mbaineann, maidir le tionscnamh. Ní gá aonfhoirmeacht maidir le méid.

Ní mór an chuid d'inneachar an phacáiste atá infheicthe a bheith ionadaíoch ar an inneachar ar fad.

**B. Pacáistiú**

Ní mór na piobair mhilse a phacáil ar bhealach lena mbeidh cosaint cheart ag na táirgí.

Ní mór na hábhair a úsáidtear laistigh den phacáiste a bheith glan agus de cháilíocht lena seachnófar aon dochar seachtrach nó inmheánach do na táirgí. Maidir le hábhair, go háirithe páipéar nó stampaí a bhfuil sonraíochtaí trádála orthu, is féidir iad a úsáid a fhad a dhéantar an cló nó an lipéadú le dúch nó le gliú nach bhfuil tocsaineach.

Maidir le greamáin a ghreamófar ar leithligh de na táirgí, nuair a bhainfear iad, ní fhágfar rianta infheicthe gliú ina ndiaidh, ná ní bheidh fabhtanna sa chraiceann dá ndeasca. Níor cheart go dtiocfadh fabht sa bhia ná sa chraiceann de thoradh faisnéis arna marcáil ar thorthaí aonair le léasar.

Ní mór gach pacáiste a bheith saor ó gach ábhar coimhthíoch.

## VI. FORÁLACHA MAIDIR LE MARCÁIL

Ní mór na mionsonraí seo a leanas a léiriú ar gach pacáiste[37], i litreacha arna ngrúpáil ar an taobh céanna, iad marcáilte go soléite agus go doscriosta, agus infheicthe ón taobh amuigh:

---

[37] Níl feidhm ag na forálacha marcála sin maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair i bpacáistí. Mar sin féin, tá feidhm acu maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair ar leithligh.

**A. Aitheantas**

Ainm agus seoladh fisiciúil an phacálaí agus/nó an riarthóra (mar shampla, sráid/cathair/réigiún/cód poist agus, murab ionann agus an tír thionscnaimh, an tír).

Is féidir an tagairt sin a ionadú:

– i gcás gach pacáiste cé is moite de réamhphacáistí, leis an gcódmharc arna eisiúint go hoifigiúil nó a bhfuil glacadh leis agus lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir a bhaineann go dlúth leis an tagairt 'Pacálaí agus/nó Riarthóir' (nó giorrúcháin choibhéiseacha). Roimh an gcódmharc, cuirfear cód tíre nó limistéir ISO 3166 (alfa) na tíre aitheanta, murab í an tír thionscnaimh í;

– i gcás réamhphacáistí amháin, trí ainm agus trí sheoladh díoltóir atá bunaithe laistigh den Aontas agus a bhaineann go dlúth leis an tagairt 'Paiceáilte le haghaidh:' nó tagairt choibhéiseach. Sa chás sin, áireofar ar an lipéadú freisin cód lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir. Tabharfaidh an díoltóir gach faisnéis a mheasann an comhlacht cigireachta a bheith riachtanach maidir le brí an chóid seo.

**B. Cineál na dtáirgí**

– 'Piobair mhilse' mura bhfuil an t-inneachar le feiceáil ón taobh amuigh.

– 'Meascán piobar milis', nó ainmníocht choibhéiseach, i gcás meascán piobair mhilse a bhfuil difear soiléir eatarthu maidir le cineál tráchtála agus/nó le dath. Mura bhfuil an táirge le feiceáil ón taobh amuigh, ní mór na cineálacha tráchtála agus/nó na dathanna agus cainníocht gach ceann díobh sa phacáiste a léiriú.

**C. Tionscnamh na dtáirgí**

Tír thionscnaimh[38] agus, más inmhianaithe, ainm an cheantair inar fásadh na táirgí, nó ainm náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil.

I gcás meascán piobair mhilse a bhfuil difear soiléir eatarthu maidir le cineál, le cineál tráchtála agus/nó le dath agus ar de thionscnaimh éagsúla iad, is taobh le hainm an chineáil a thabharfar an cineál tráchtála agus/nó an dath lena mbaineann.

**D. Sonraíochtaí tráchtála**

– Aicme.

– Méid (má thomhaistear an mhéid) arna sloinneadh mar thrastomhais íosta agus uasta nó mar mheáchain íosta agus uasta.

– Líon na n-aonad (roghnach).

– 'Te' nó sonraíocht choibhéiseach i gcás inarb iomchuí.

**E. Marc oifigiúil cáilíochta (roghnach)**

Ní gá na mionsonraí a luaitear sa chéad fhomhír de phointe VI a bheith ar na pacáistí más rud é gur pacáistíochtaí díolacháin atá iontu, go bhfuil na

[38] Léireofar an t-ainm iomlán nó an t-ainm a úsáidtear go coitianta.

pacáistíochtaí sin le feiceáil go soiléir ón taobh amuigh, agus go bhfuil na mionsonraí sin go léir orthu. Beidh na pacáistí sin saor ó aon léiriú a d'fhéadfadh a bheith míthreorach. Nuair a chuirfear na pacáistí sin ar phailléad, tabharfar na mionsonraí ar fhógra a chuirfear in áit shoiléir ar dhá thaobh ar a laghad den phailléad.

## CUID 9: CAIGHDEÁN MARGAÍOCHTA LE hAGHAIDH FÍONCHAORA BOIRD

### I. TÁIRGÍ A SHAINIÚ

Baineann an caighdeán seo le cineálacha fíonchaora boird (saothróga) a fásadh ó *Vitis vinifera* L. lena soláthar don tomhaltóir agus iad úr, ach is caighdeán é sin óna n-eisiatar fíonchaora lena bpróiseáil go tionsclaíoch:

### II. FORÁLACHA MAIDIR LE CÁILÍOCHT

Is é is cuspóir don chaighdeán na ceanglais cháilíochta maidir le fíonchaora boird a shainiú, tar éis iad a ullmhú agus a phacáistiú.

Mar sin féin, sna céimeanna tar éis sheoladh na dtáirgí, i ndáil le ceanglais an chaighdeáin, féadfaidh na tréithe seo a leanas a bheith sna táirgí:

– úire agus borrthacht laghdaithe de bheagán,
– i gcás táirgí a grádaíodh in aicmí seachas an Aicme 'Breise', meathlú beag de thoradh a bhforbartha agus a gclaonta chun éagtha.

#### A. Íoscheanglais

I ngach aicme, faoi réir na bhforálacha speisialta le haghaidh gach aicme agus na lamháltais a cheadaítear, ní mór na tréithe seo a leanas a bheith sna triopaill agus sna caora:

– beidh siad slán; i gcás táirgí ar a bhfuil lobhadh nó meathlú a fhágann go bhfuil siad mí-oiriúnach lena gcaitheamh, déanfar iad a eisiamh,
– beidh siad glan, geall leis, ó aon ábhar coimhthíoch infheicthe,
– beidh siad saor, geall leis, ó lotnaidí,
– beidh siad saor geall leis ó dhamáiste arna ndéanamh ag lotnaidí,
– beidh siad saor ó thaise sheachtrach neamhghnách,
– beidh siad saor ó bholadh agus/nó ó bhlas coimhthíoch.

Ina theannta sin, ní mór na tréithe seo a leanas a bheith sna caora:

– beidh siad gan bhriseadh,
– beidh siad dea-chumtha,
– léireoidh siad gnáthfhorbairt.

Ní fabht atá i lí de dheasca na gréine.

Ní mór forbairt na bhfíonchaor mar aon lena staid a bheith de chineál lenar féidir:

– iad a iompar agus a láimhseáil gan dochar a dhéanamh dóibh, agus

– bail shásúil a bheith orthu ar shroicheadh an chinn scríbe dóibh.

**B. Ceanglais aibíochta**

Innéacs athraonmhéadrach[39] dá laghad seo a leanas a bheidh i sú na dtorthaí:

– Brix 12 ° i gcás na gcineálacha Alphonse Lavallée, Cairdinéalach agus Victoria,

– Brix 13 ° i gcás gach cineáil shíolaithe eile,

– Brix 14 ° i gcás gach cineáil gan síol.

Ina theannta sin, ní mór leibhéil chóimheasa shásúla maidir le siúcra/aigéadachta a bheith ag gach cineál.

**C. Aicmiú**

Aicmítear fíonchaora boird i dtrí aicme, mar a shainítear mar a leanas:

(i) Aicme 'Breise'

Fíonchaora boird san aicme seo, ní mór ardcháilíocht a bheith iontu. Ní mór saintréithe an chineáil a bheith iontu, ag féachaint don cheantar ina bhfástar iad.

Ní mór caora a bheith crua, ceangailte go crua, spásanna cothroma a bheith eatarthu ar feadh an ghais agus a mbláth gan bhriseadh nach mór.

Ní mór iad a bheith saor ó fhabhtanna, ach amháin fabhtanna dromchlacha fíorbheaga a fhad nach gcuireann siad sin isteach ar chuma ghinearálta na dtáirgí, ar cháilíocht, ar cháilíocht coinneála ná ar chur i láthair an phacáiste:

(ii)Aicme I

Fíonchaora boird san aicme seo, ní mór cáilíocht mhaith a bheith iontu. Ní mór saintréithe an chineáil a bheith iontu, ag féachaint don cheantar ina bhfástar iad.

Ní mór fíonchaora a bheith crua, ceangailte go crua agus, chomh fada agus is féidir, ní mór a mbláth a bheith slán. D'fhéadfadh sé, áfach, nach mbeadh spásanna chomh cothrom eatarthu ar feadh an ghais agus a bheadh ar fhíonchaora san Aicme 'Breis'.

Is féidir na fabhtanna beaga seo a leanas a cheadú, áfach, a fhad nach gcuireann siad isteach ar chuma ghinearálta na dtáirgí, ar cháilíocht, ar cháilíocht coinneála ná ar chur i láthair an phacáiste:

– fabht beag sa chruth,

– fabhtanna beaga sa dathú,

– loisceadh gréine fíorbheag a bhuaileann an craiceann amháin,

fabhtanna fíorbheaga sa chraiceann.

(iii) Aicme II

[39] Arna ríomh mar a thuairiscítear sa treoir ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta maidir le tástálacha oibiachtúla, atá ar fáil ag: http://www.oecd.org/agriculture/fruit-vegetables/publications.

Áirítear san aicme seo fíonchaora boird nach bhfuil incháilithe lena n-áireamh sna hardaicmí ach a chomhlíonann na híoscheanglais a shonraítear i bpointe A.

Is féidir leis na triopaill fabhtanna beaga a léiriú, sa chruth, san fhorbairt agus sa dathú, a fhad nach gcuireann siad isteach ar shaintréithe riachtanacha an chineáil, ag féachaint don cheantar ina bhfástar iad.

Ní mór na caora a bheith crua go leor agus ceangailte crua go leor, agus, i gcás inar féidir, ní mór a mbláth a bheith acu fós. D'fhéadfadh sé, áfach, nach mbeadh spásanna chomh cothroma eatarthu ar feadh an ghais agus a bheadh ar ghais na bhfíonchaor san Aicme 'Extra'.

Is féidir na fabhtanna seo a leanas a cheadú, a fhad a choinníonn na fíonchaora boird a mbuntréithe a mhéid a bhaineann le cáilíocht, le cáilíocht coinneála, agus le cur i láthair:

– fabhtanna sa chruth,

– fabhtanna sa dathú,

– loisceadh gréine fíorbheag a bhuaileann an craiceann amháin,

– brú beag,

– fabhtanna sa chraiceann.

## III. FORÁLACHA MAIDIR LE MÉID

Is de réir mheáchan an triopaill a chinntear an mhéid.

Is é 75 g meáchan íosta an triopaill i gcás na hAicme 'Breise' agus Aicme I. Níl feidhm ag an bhforáil seo maidir le pacáistí le haghaidh codanna aonair i ngach aicme.

## IV. FORÁLACHA MAIDIR LE LÁMHALTAIS

Ag gach céim mhargaíochta, ceadófar lamháltais maidir le cáilíocht agus le méid i ngach luchtóg le haghaidh táirgí nach gcomhlíonann ceanglais na haicme a léirítear.

### A. Lamháltais cháilíochta

(i) Aicme 'Breise'

Is lamháltas iomlán 5 % a cheadaítear, de réir lín, i dtaca le triopaill nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ach a chomhlíonann ceanglais Aicme I. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 0.5 % san iomlán de tháirgí a bheith ann a chomhlíonann ceanglais cháilíocht Aicme II.

(ii)Aicme I

Is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le triopaill nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ach a chomhlíonann ceanglais Aicme II. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 1 % san iomlán de tháirgí a bheith ann nach gcomhlíonann ceanglais cháilíocht Aicme II, nó de tháirgí a bhfuil meath orthu.

I dteannta na lamháltas sin, ceadaítear uasmhéid 10 %, de réir meáchain, i dtaca le caora scaoilte, i.e. caora nach bhfuil ceangailte den triopall/cnuasach, a fhad atá na caora slán agus gan bhriseadh.

(iii) Aicme II

Is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le triopaill nach gcomhlíonann ceanglais na haicme ná na híoscheanglais. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 2 % san iomlán de tháirgí a bheith ann a bhfuil meath orthu.

I dteannta na lamháltas sin, ceadaítear uasmhéid 10 %, de réir meáchain, i dtaca le caora scaoilte, i.e. caora nach bhfuil ceangailte den triopall/cnuasach, a fhad atá na caora slán agus gan bhriseadh.

**B. Lamháltais mhéide**

I gcás gach aicme (má thomhaistear a méid): is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir meáchain, i dtaca le triopaill nach gcomhlíonann na ceanglais a mhéid a bhaineann le méid. I ngach pacáistíocht díolacháin (seachas codanna aonair), ceadaítear triopall amháin ar lú a mheáchan ná 75 g chun an meáchan a choigeartú, a fhad a chomhlíonann an triopall ceanglais eile uile na haicme a sonraíodh.

## V. FORÁLACHA MAIDIR LE CUR I LÁTHAIR

**A. Aonfhoirmeacht**

Ní mór inneachar gach pacáiste a bheith aonfhoirmeach agus ní bheidh ann ach triopaill ar den tionscnamh céanna iad, den chineál céanna, den cháilíocht chéanna iad agus atá ar an leibhéal céanna aibíochta.

I gcás na hAicme 'Breis', ní mór na triopaill a bheith aonfhoirmeach a bheag nó a mhór maidir le méid agus le dathú.

Mar sin féin, is féidir meascán fíonchaora boird a bhfuil difear soiléir eatarthu maidir le cineál a phacáil in éineacht i bpacáistíocht a fhad atá siad aonfhoirmeach maidir le cáilíocht agus, i gcás gach cineáil lena mbaineann, maidir le tionscnamh.

Ní mór an chuid d'inneachar an phacáiste atá infheicthe a bheith ionadaíoch ar an inneachar ar fad.

**B. Pacáistiú**

Ní mór na fíonchaora boird a phacáil ar bhealach lena mbeidh cosaint cheart ag na táirgí.

Ní mór na hábhair a úsáidtear laistigh den phacáiste a bheith glan agus de cháilíocht lena seachnófar aon dochar seachtrach nó inmheánach do na táirgí. Maidir le hábhair, go háirithe páipéar nó stampaí a bhfuil sonraíochtaí trádála orthu, is féidir iad a úsáid a fhad a dhéantar an cló nó an lipéadú le dúch nó le gliú nach bhfuil tocsaineach.

Maidir le greamáin a ghreamófar ar leithligh de na táirgí, nuair a bhainfear iad, ní fhágfar rianta infheicthe gliú ina ndiaidh, ná ní bheidh fabhtanna sa chraiceann dá ndeasca.

Ní mór pacáistí a bheith saor ó gach ábhar coimhthíoch, cé gur féidir blúire de ghas fíniúna nach mó ná 5 cm ar fhad a fhágáil ar ghas an triopaill mar chineál cur i láthair speisialta.

## VI. FORÁLACHA MAIDIR LE MARCÁIL

Ní mór na mionsonraí seo a leanas a léiriú ar gach pacáiste[40], i litreacha arna ngrúpáil ar an taobh céanna, iad marcáilte go soléite agus go doscriosta, agus infheicthe ón taobh amuigh:

### A. Aitheantas

Ainm agus seoladh fisiciúil an phacálaí agus/nó an riarthóra (mar shampla, sráid/cathair/réigiún/cód poist agus, murab ionann agus an tír thionscnaimh, an tír).

Is féidir an tagairt sin a ionadú:

– i gcás gach pacáiste cé is moite de réamhphacáistí, leis an gcódmharc arna eisiúint go hoifigiúil nó a bhfuil glacadh leis agus lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir a bhaineann go dlúth leis an tagairt 'Pacálaí agus/nó Riarthóir' (nó giorrúcháin choibhéiseacha). Roimh an gcódmharc, cuirfear cód tíre nó limistéir ISO 3166 (alfa) na tíre aitheanta, murab í an tír thionscnaimh í;

– i gcás réamhphacáistí amháin, trí ainm agus trí sheoladh díoltóir atá bunaithe laistigh den Aontas agus a bhaineann go dlúth leis an tagairt 'Pacáilte le haghaidh:' nó tagairt choibhéiseach. Sa chás sin, áireofar ar an lipéadú freisin cód lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir. Tabharfaidh an díoltóir gach faisnéis a mheasann an comhlacht cigireachta a bheith riachtanach maidir le brí an chóid seo.

### B. Cineál na dtáirgí

– 'Fíonchaora boird' mura bhfuil an t-inneachar le feiceáil ón taobh amuigh.

– Ainm an chineáil. I gcás meascán fíonchaora boird a bhfuil difear soiléir eatarthu maidir le cineál, ainmneacha na gcineálacha éagsúla.

Is féidir comhchiallach a chur in ionad ainm an chineáil. Ní féidir trádainm a thabhairt ach amháin i dteannta an chineáil nó an chomhchiallaigh.

### C. Tionscnamh na dtáirgí

– Tír thionscnaimh[41] agus, más inmhianaithe, ainm an cheantair inar fásadh na táirgí, nó ainm náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil.

– I gcás meascán fíonchaor a bhfuil difear soiléir eatarthu maidir le cineál, agus ar de thionscnaimh éagsúla iad, is taobh le hainm an chineáil lena mbaineann a thabharfar an léiriú faoin tír thionscnaimh i ngach cás.

### D. Sonraíochtaí tráchtála

– Aicme.

'Triopaill faoi bhun 75 g le haghaidh codanna aonair' nó ainmníocht choibhéiseach, i gcás inarb iomchuí.

### E. Marc oifigiúil cáilíochta (roghnach)

---

40 Níl feidhm ag na forálacha marcála sin maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair i bpacáistí. Mar sin féin, tá feidhm acu maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair ar leithligh.

41 Léireofar an t-ainm iomlán nó an t-ainm a úsáidtear go coitianta.

Ní gá na mionsonraí a luaitear sa chéad fhomhír de phointe VI a bheith ar na pacáistí más rud é gur pacáistíochtaí díolacháin atá iontu, go bhfuil na pacáistíochtaí sin le feiceáil go soiléir ón taobh amuigh, agus go bhfuil na mionsonraí sin go léir orthu. Beidh na pacáistí sin saor ó aon léiriú a d'fhéadfadh a bheith míthreorach. Nuair a chuirfear na pacáistí sin ar phailléad, tabharfar na mionsonraí ar fhógra a chuirfear in áit shoiléir ar dhá thaobh ar a laghad den phailléad.

## CUID 10: CAIGHDEÁN MARGAÍOCHTA LE hAGHAIDH ÚLL

### I. TÁIRGÍ A SHAINIÚ

Baineann an caighdeán seo le cineálacha torthaí (saothróga) a fásadh ó *Solanum lycopersicum* L. lena soláthar don tomhaltóir agus iad úr, ach is caighdeán é sin óna n-eisiatar trátaí lena bpróiseáil go tionsclaíoch:

Is féidir trátaí a aicmiú i gceithre chineál tráchtála:

– 'cruinn',

– 'easnach',

– 'dronuilleogach' nó 'fadaithe',

– Trátaí "silín/manglaim" (mionchineálacha) den uile chruth.

### II. FORÁLACHA MAIDIR LE CÁILÍOCHT

Is é is cuspóir don chaighdeán na ceanglais cháilíochta maidir le trátaí a shainiú, tar éis iad a ullmhú agus a phacáistiú.

Mar sin féin, sna céimeanna tar éis sheoladh na dtáirgí, i ndáil le ceanglais an chaighdeáin, féadfaidh na tréithe seo a leanas a bheith sna táirgí:

– úire agus borrthacht laghdaithe de bheagán,

– i gcás táirgí a grádaíodh in aicmí seachas an Aicme 'Breise', meathlú beag de thoradh a bhforbartha agus a gclaonta chun éagtha.

#### A. Íoscheanglais

I ngach aicme, faoi réir na bhforálacha speisialta le haghaidh gach aicme agus na lamháltais a cheadaítear, ní mór na tréithe seo leanas a bheith sna trátaí:

– beidh siad gan bhriseadh,

– beidh siad slán, agus i gcás táirgí ar a bhfuil lobhadh nó meathlú a fhágann go bhfuil siad mí-oiriúnach lena gcaitheamh, déanfar iad a eisiamh,

– beidh siad glan, geall leis, ó aon ábhar coimhthíoch infheicthe,

– beidh cuma úr orthu,

– beidh siad saor, geall leis, ó lotnaidí,

– beidh siad saor ó dhamáiste arna dhéanamh ag lotnaidí a chuireann isteach ar an mbia,

– beidh siad saor ó thaise sheachtrach neamhghnách,

– beidh siad saor ó bholadh agus/nó ó bhlas coimhthíoch.

I gcás trusanna na dtrátaí, ní mór na gais a bheith úr, sláintiúil, glan agus saor ó gach duilleog agus ó aon ábhar coimhthíoch infheicthe.

Ní mór forbairt na dtrátaí mar aon lena staid a bheith de chineál lenar féidir:

– iad a iompar agus a láimhseáil gan dochar a dhéanamh dóibh, agus

– bail shásúil a bheith orthu ar shroicheadh an chinn scríbe dóibh.

**B. Ceanglais aibíochta**

Ní mór forbairt na dtáirgí mar aon lena staid aibíochta a bheith de chineál lena gcuirfear ar chumas na dtáirgí sin leanúint dá bpróiseas aibiúcháin agus leibhéal sásúil aibíochta a bhaint amach.

**C. Aicmiú**

Aicmítear trátaí i dtrí aicme a shainítear mar a leanas:

(i) Aicme ‘Breise’

Trátaí san aicme seo, ní mór ardcháilíocht a bheith iontu. Ní mór iad a bheith crua agus ní mór saintréithe an chineáil a bheith iontu.

Ní mór iad a bheith saor ó ghlasdhromanna agus ó fhabhtanna eile, ach amháin fabhtanna dromchlacha fíorbheaga a fhad nach gcuireann siad isteach ar chuma ghinearálta na dtáirgí, ar cháilíocht, ar cháilíocht coinneála ná ar chur i láthair an phacáiste.

(ii)Aicme I

Trátaí san aicme seo, ní mór cáilíocht mhaith a bheith iontu. Ní mór iad a bheith réasúnta crua agus ní mór saintréithe an chineáil a bheith iontu.

Ní mór iad a bheith saor ó scoilteanna agus ó ghlasdhromanna infheicthe.

Is féidir na fabhtanna beaga seo a leanas a cheadú, áfach, a fhad nach gcuireann siad sin isteach ar chuma ghinearálta na dtáirgí, ar cháilíocht, ar cháilíocht coinneála ná ar chur i láthair an phacáiste:

– fabht beag sa chruth agus san fhorbairt,

– fabhtanna beaga sa dathú,

– fabhtanna fíorbheaga sa chraiceann,

– brúnna fíorbheaga.

Ina theannta sin, is féidir le trátaí ‘dronuilleogacha’ na tréithe seo a leanas a léiriú:

– scoilteanna arna gcneasú nach mó ná 1 cm ar fad,

– gan an iomad fadharcáin a bheith iontu,

– imleacán beag, ach gan súibriniú,

– corcú an stiogma suas le 1 $cm^2$,

– milleadh beag ar an bpéacán i bhfoirm fhadaithe (cosúil le séama), ach nach faide ná dhá thrian den trastomhas is fairsinge atá ag na torthaí.

(iii) Aicme II

Áirítear san aicme seo trátaí nach bhfuil incháilithe lena n-áireamh sna hardaicmí ach a chomhlíonann na híoscheanglais a shonraítear i bpointe A.

Ní mór iad a bheith réasúnta crua (ach d'fhéadfadh sé nach mbeidís chomh crua agus a bheadh torthaí in Aicme I) agus gan scoilteanna neamhchneasaithe a léiriú.

Is féidir na fabhtanna seo a leanas a cheadú, a fhad a choinníonn na trátaí a mbuntréithe a mhéid a bhaineann le cáilíocht, le cáilíocht coinneála, agus le cur i láthair:

– fabhtanna beag sa chruth agus san fhorbairt,

– fabhtanna sa dathú,

– fabhtanna nó brúnna sa chraiceann, a fhad nach mbeidh na torthaí buailte go mór,

– scoilteanna arna gcneasú nach faide ná 3 cm ar fhad i gcás trátaí cruinne, dronuilleogacha nó fadaithe.

Ina theannta sin, is féidir le trátaí 'dronuilleogacha' na tréithe seo a leanas a léiriú:

– fadharcáin níos suntasaí ná mar a cheadaítear faoi Aicme I, ach gan na trátaí a bheith anchumtha,

– imleacán,

– súibriniú an stiogma suas le 2 $cm^2$,

– milleadh beag ar an bpéacán i bhfoirm fhadaithe (cosúil le séama).

## III. FORÁLACHA MAIDIR LE MÉID

Is de réir thrastomhas uasta na coda meánchiorclaí nó de réir meáchain a chinntear an mhéid.

Ní bheidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le trusanna trátaí agus tá siad roghnach i gcás:

– trátaí silín agus manglaim faoi bhun 40 mm sa trastomhas;

– trátaí dronuilleogacha, iad i gcruth mírialta; agus

– Aicme II.

Chun aonfhoirmeacht maidir le méid a áirithiú, ní rachaidh an raon maidir le méid idir táirgí sa phacáiste céanna thar na méideanna seo a leanas:

(a) I gcás trátaí, de réir an trastomhais:

– 10 mm, más faoi bhun 50 mm trastomhas na dtorthaí is lú (mar a léirítear ar an bpacáiste).

– 15 mm, más 50 mm trastomhas na dtorthaí is lú (mar a léirítear ar an bpacáiste) ach iad faoi bhun 70 mm,

– 20 mm, más 70 mm trastomhas na dtorthaí is lú (mar a léirítear ar an bpacáiste) ach iad faoi bhun 100 mm,

– níl aon teorainn leis an difear sa trastomhas i gcás torthaí is mó ná 100 mm.

I gcás ina gcuirtear cóid mhéide i bhfeidhm, ní mór na cóid agus na raonta sa tábla seo a leanas a urramú:

| Cód méide | Trastomhas (mm) |
|---|---|
| 0 | ≤ 20 |
| 1 | > 20 ≤ 25 |
| 2 | > 25 ≤ 30 |
| 3 | > 30 ≤ 35 |
| 4 | > 35 ≤ 40 |
| 5 | > 40 ≤ 47 |
| 6 | > 47 ≤ 57 |
| 7 | > 57 ≤ 67 |
| 8 | > 67 ≤ 82 |
| 9 | > 82 ≤ 102 |
| 10 | > 102 |

(b) I gcás trátaí a dtomhaistear a méid de réir meáchain nó lín, ba chóir go mbeadh an difear sa mhéid a bheith ag teacht leis an difear a léirítear i bpointe (a).

## IV. FORÁLACHA MAIDIR LE LÁMHALTAIS

Ag gach céim mhargaíochta, ceadófar lamháltais maidir le cáilíocht agus le méid i ngach luchtóg le haghaidh táirgí nach gcomhlíonann ceanglais na haicme a léirítear.

### A. Lamháltais cháilíochta

(i) Aicme 'Breise'

Is lamháltas iomlán 5 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le trátaí nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ach a chomhlíonann ceanglais Aicme I. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 0.5 % san iomlán de tháirgí a bheith ann a chomhlíonann ceanglais cháilíocht Aicme II.

(ii)Aicme I

Is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le trátaí nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ach a chomhlíonann ceanglais Aicme II. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 1 % san iomlán de tháirgí a bheith ann nach gcomhlíonann ceanglais cháilíocht Aicme II ná na híoscheanglais, nó de tháirgí a bhfuil meath orthu.

I gcás trusanna trátaí, is 5 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, de thrátaí a scaradh ón gas.

(iii) Aicme II

Is lamháltas iomlán 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, i dtaca le trátaí nach gcomhlíonann ceanglais na haicme, ná na híoscheanglais. Laistigh den lamháltas sin, ní fhéadfaidh níos mó ná 2 % san iomlán de tháirgí a bheith ann a bhfuil meath orthu.

I gcás trusanna trátaí, is 10 % a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, de thrátaí a scaradh ón gas.

**B. Lamháltais mhéide**

I gcás gach aicme: is lamháltas iomlán 10 % de thrátaí a cheadaítear, de réir lín nó meáchain, a mhéid a bhaineann le méid.

## V. FORÁLACHA MAIDIR LE CUR I LÁTHAIR

**A. Aonfhoirmeacht**

Ní mór inneachar gach pacáiste a bheith aonfhoirmeach agus ní bheidh ann ach trátaí ar den tionscnamh céanna iad, den chineál nó den chineál tráchtála céanna iad, den cháilíocht chéanna iad agus atá ar an méid chéanna (má thomhaistear a méid).

Ní mór aibíocht agus dathú trátaí san Aicme 'Breise' agus in Aicme I a bheith aonfhoirmeach geall leis. Ina theannta sin, ní mór fad na dtrátaí 'dronuilleogacha' a bheith sách aonfhoirmeach.

Mar sin féin, is féidir meascán trátaí a bhfuil difear soiléir eatarthu maidir le dath, le cineál agus/nó le cineál tráchtála a phacáil in éineacht i bpacáiste a fhad atá siad aonfhoirmeach maidir le cáilíocht agus, i gcás gach datha, gach cineáil agus/nó gach cineáil tráchtála lena mbaineann, maidir le tionscnamh. Ní gá aonfhoirmeacht maidir le méid.

Ní mór an chuid d'inneachar an phacáiste atá infheicthe a bheith ionadaíoch ar an inneachar ar fad.

**B. Pacáistiú**

Ní mór na trátaí a phacáil ar bhealach lena mbeidh cosaint cheart ag na táirgí.

Ní mór na hábhair a úsáidtear laistigh den phacáiste a bheith glan agus de cháilíocht lena seachnófar aon dochar seachtrach nó inmheánach do na táirgí. Maidir le hábhair, go háirithe páipéar nó stampaí a bhfuil sonraíochtaí trádála orthu, is féidir iad a úsáid a fhad a dhéantar an cló nó an lipéadú le dúch nó le gliú nach bhfuil tocsaineach.

Maidir le greamáin a ghreamófar ar leithligh de na táirgí, nuair a bhainfear iad, ní fhágfar rianta infheicthe gliú ina ndiaidh, ná ní bheidh fabhtanna sa chraiceann dá ndeasca. Níor cheart go dtiocfadh fabhtanna sa bhia ná sa chraiceann de thoradh faisnéis arna marcáil ar thorthaí aonair le léasar.

Ní mór gach pacáiste a bheith saor ó gach ábhar coimhthíoch.

## VI. FORÁLACHA MAIDIR LE MARCÁIL

Ní mór na mionsonraí seo a leanas a léiriú ar gach pacáiste[42], i litreacha arna ngrúpáil ar an taobh céanna, iad marcáilte go soléite agus go doscriosta, agus infheicthe ón taobh amuigh:

### A. Aitheantas

Ainm agus seoladh fisiciúil an phacálaí agus/nó an riarthóra (mar shampla, sráid/cathair/réigiún/cód poist agus, murab ionann agus an tír thionscnaimh, an tír).

Is féidir an tagairt sin a ionadú:

- i gcás gach pacáiste cé is moite de réamhphacáistí, leis an gcódmharc arna eisiúint go hoifigiúil nó a bhfuil glacadh leis agus lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir a bhaineann go dlúth leis an tagairt 'Pacálaí agus/nó Riarthóir' (nó giorrúcháin choibhéiseacha). Roimh an gcódmharc, cuirfear cód tíre nó limistéir ISO 3166 (alfa) na tíre aitheanta, murab í an tír thionscnaimh í;
- i gcás réamhphacáistí amháin, trí ainm agus trí sheoladh díoltóir atá bunaithe laistigh den Aontas agus a bhaineann go dlúth leis an tagairt 'Pacáilte le haghaidh:' nó tagairt choibhéiseach. Sa chás sin, áireofar ar an lipéadú freisin cód lena ndéantar ionadaíocht ar an bpacálaí agus/nó ar an riarthóir. Tabharfaidh an díoltóir gach faisnéis a mheasann an comhlacht cigireachta a bheith riachtanach maidir le brí an chóid seo.

### B. Cineál na dtáirgí

- 'Trátaí' nó 'trusanna trátaí' agus an cineál tráchtála, nó 'trátaí silíní/manglaim' nó 'trusanna silíní/manglaim') nó ainmníocht choibhéiseach i gcás mionchineálacha eile mura mbeidh an t-inneachar infheicthe ón taobh amuigh.
- 'Meascán trátaí', nó ainmníocht choibhéiseach, i gcás meascán trátaí a bhfuil difear soiléir eatarthu maidir le cineál, cineál tráchtála agus/nó le dath. Mura bhfuil an táirge le feiceáil ón taobh amuigh, ní mór na dathanna, na cineálacha tráchtála agus cainníocht gach ceann atá sa phacáiste a léiriú.
- Ainm an chineáil (roghnach).

### C. Tionscnamh na dtáirgí

Tír thionscnaimh[43] agus, más inmhianaithe, ainm an cheantair inar fásadh na táirgí, nó ainm náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil.

I gcás meascán trátaí a bhfuil difear soiléir eatarthu maidir le dath, le cineál agus/nó le cineál tráchtála agus ar de thionscnaimh éagsúla iad, is taobh le hainm an chineáil maidir le dath, le cineál agus/nó cineál tráchtála lena mbaineann a thabharfar an léiriú faoin tír thionscnaimh i ngach cás.

### D. Sonraíochtaí tráchtála

---

[42] Níl feidhm ag na forálacha marcála sin maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair i bpacáistí. Mar sin féin, tá feidhm acu maidir le pacáistíochtaí díolacháin a chuirtear i láthair ar leithligh.

[43] Léireofar an t-ainm iomlán nó an t-ainm a úsáidtear go coitianta.

– Aicme.

– Méid (má thomhaistear de réir a méide) arna sloinneadh mar

  – trastomhais íosta agus uasta; nó

  – meáchain íosta agus uasta; nó

  – cód méide mar atá sonraithe i Roinn III; nó

  – an líon agus an t-íosmhéid agus an t-uasmhéid ina dhiaidh sin.

**E. Marc oifigiúil cáilíochta (roghnach)**

Ní gá na mionsonraí a luaitear sa chéad fhomhír de phointe IV a bheith ar na pacáistí más rud é gur pacáistíochtaí díolacháin atá iontu, go bhfuil na pacáistíochtaí sin le feiceáil go soiléir ón taobh amuigh, agus go bhfuil na mionsonraí sin go léir orthu. Beidh na pacáistí sin saor ó aon léiriú a d'fhéadfadh a bheith míthreorach. Nuair a chuirfear na pacáistí sin ar phailléad, tabharfar na mionsonraí ar fhógra a chuirfear in áit shoiléir ar dhá thaobh ar a laghad den phailléad.

## CUID 11: CAIGHDEÁN MARGAÍOCHTA I gCOMHAIR BANANAÍ

### I. TÁIRGE A SHAINIÚ

Baineann an caighdeán seo le bananaí de na cineálacha (saothróga) de Musa spp., chomh maith le hibridí díobh, beartaithe lena soláthar úr don tomhaltóir, tar éis ullmhúcháin agus pacáistithe, ag na céimeanna a shainmhínítear in Airteagal 4(2). Eisiatar bananaí beartaithe le haghaidh cócaireachta amháin (plantáin) le haghaidh próiseáil thionsclaíochta. Áirítear san fhoscríbhinn cineálacha a chumhdaítear leis an gcaighdeán seo.

### II. FORÁLACHA MAIDIR LE CÁILÍOCHT

Sainmhínítear sa chaighdeán seo na ceanglais cháilíochta atá le comhlíonadh ag bananaí mar a shainmhínítear i roinn I.

**A. Íoscheanglais**

I ngach aicme, faoi réir na bhforálacha speisialta le haghaidh gach aicme agus na lamháltais a cheadaítear, ní mór na tréithe seo leanas a bheith sna bananaí:

– glas agus neamhaibí,

– beidh siad gan bhriseadh,

– beidh siad daingean,

– beidh siad slán, agus i gcás táirgí ar a bhfuil lobhadh nó meathlú a fhágann go bhfuil siad mí-oiriúnach lena gcaitheamh, déanfar iad a eisiamh,

– beidh siad glan, saor geall leis ó aon ábhar coimhthíoch infheicthe,

– beidh cuma úr orthu,

– beidh siad saor, geall leis, ó lotnaidí,

– beidh siad saor geall leis ó dhamáiste arna ndéanamh ag lotnaidí,

– beidh an gas gan briseadh, gan lúbthacht, damáiste fungasach nó triomú,

– beidh na pistilí bainte,

– beidh siad saor ó mhíchuma nó ó chuaire mhínormálta na méar,

– beidh siad saor, geall leis, ó bhrúnna,

– beidh siad saor geall leis ó dhamáiste mar gheall ar theochtaí ísle,

– beidh siad saor ó thaise sheachtrach neamhghnách,

– beidh siad saor ó dhamáiste arna dhéanamh ag lotnaidí a chuireann isteach ar an mbia,

– beidh siad saor ó bholadh agus/nó ó bhlas coimhthíoch.

Ina theannta sin, maidir le lámha agus braislí (codanna de lámha) ní mór a áireamh:

– cuid leordhóthanach corónach de dhathú normálta, slán agus saor ó éilliú fungasach,

– coróin gearrtha glan, gan a bheith beibhealta nó stróicthe, agus gan aon ruainní gais.

Ní mór forbairt fhisiciúil agus aibíocht na mbananaí a bheith de chineál lenar féidir:

– iad a iompar agus a láimhseáil gan dochar a dhéanamh dóibh, agus

– bail shásúil a bheith orthu ar shroicheadh an chinn scríbe dóibh chun méid iomchuí aibíochta a bhaint amach tar éis dóibh a aibiú.

**B. Aicmiú**

Aicmítear bananaí i dtrí aicme, a shainítear mar a leanas:

(i) Aicme 'Breise'

Bananaí san aicme seo, ní mór ardcháilíocht a bheith iontu. Ní mór saintréithe tipiciúla an chineáil agus/nó an chineáil tráchtála a bheith iontu.

Ní mór na méara a bheith saor ó fhabhtanna, seachas lochtanna éadroma dromchlacha nach gcumhdaíonn níos mó ná 1 $cm^2$ de dhromchla na méire, nach ceart difear a dhéanamh do chuma ghinearálta na láimhe nó na braisle, a cáilíocht, a cáilíocht coinneála nó cur i láthair an phacáiste.

(ii)Aicme I

Bananaí san aicme seo, ní mór cáilíocht mhaith a bheith iontu. Ní mór saintréithe tipiciúla an chineáil agus/nó an chineáil tráchtála a bheith iontu.

Ceadaítear, áfach, na lochtanna éadroma seo a leanas, ar choinníoll nach ndéanann siad difear do chuma ghinearálta gach láimhe nó braisle, a cáilíocht, a cáilíocht coinneála nó cur i láthair an phacáiste:

– fabhtanna beaga sa chruth,

– fabhtanna beaga sa chraiceann mar gheall ar chuimilt agus lochtanna éadroma dromchlacha eile nach gcumhdaíonn níos mó ná 2 $cm^2$ de dhromchla na méire,

Ní fhéadfaidh fabhtanna beaga den sórt sin difear a dhéanamh do bhia na dtorthaí i gcás ar bith.

(iii) Aicme II

Cumhdaítear leis an aicme seo bananaí nach bhfuil incháilithe lena n-áireamh sna hardaicmí ach a chomhlíonann na híoscheanglais a sonraíodh i bpointe A.

Is féidir na fabhtanna seo a leanas a cheadú, a fhad a choinníonn na bananaí a mbuntréithe maidir le cáilíocht, le cáilíocht coinneála, agus le cur i láthair:

– fabhtanna sa chruth,

– fabhtanna sa chraiceann mar gheall ar scríobadh, cuimilt nó cúiseanna eile, ar choinníoll nach mó ná 4 $cm^2$ den dromchla achar iomlán na méire atá buailte.

Ní fhéadfaidh fabhtanna beaga difear a dhéanamh do bhia na dtorthaí i gcás ar bith.

## III. FORÁLACHA MAIDIR LE MÉID

Chun críocha bananaí d'fhoghrúpaí Gros Michel agus Cavendish a thoisiú:

– cinntear fad na méara feadh an chuair taobh amuigh ó chríoch an phéacáin go dtí bonn na gasóige áit a chríochnaíonn an laíon inite agus déantar an trastomhas a shainmhíniú mar thiús na roinne trasnaí idir na haghaidheanna cliathánacha.

– an grád, is é sin tomhas, i milliméadair, de thiús na roinne trasnaí an toraidh idir na haghaidheanna cliathánacha agus ann lár, go hingearach go dtí an fhad-ais.

Is é an toradh tagartha le haghaidh an fad agus an grád a thomhas:

– an mhéar airmheánach ar ró seachtrach na láimhe.

– an mhéar in aice leis an ngearradh lena roinntear an lámh, ar ró seachtrach an bhraisle.

Is é 14 cm an fad íosta a cheadaítear agus 27 mm an grád íosta a cheadaítear.

Mar eisceacht leis an tríú mír, féadfar bananaí d'fhoghrúpaí Gros Michel agus Cavendish a tháirgtear i Maidéara, sna hAsóir, san Algarve, sna hOileáin Chanáracha, sa Chréit, Lakonia agus an Chipir nnach mó ná 14 cm ar fhad a mhargú san Aontas ach ní mór iad a aicmiú in Aicme II.

Níl feidhm ag forálacha maidir le méid maidir le bananaí fige.

## IV. FORÁLACHA MAIDIR LE LÁMHALTAIS

Ceadófar lamháltais maidir le cáilíocht agus le méid laistigh de gach pacáiste i leith táirgí nach gcomhlíonann ceanglais na haicme a léirítear.

### A. Lamháltais cháilíochta

(i) Aicme 'Breise'

5 % de réir lín nó meáchain bananaí nach gcomhlíonann na ceanglais den aicme 'breise' ach a chomhlíonann iad siúd le haghaidh Aicme I, nó, go heisceachtúil, a thagann laistigh de na lamháltais don aicme sin.

(ii) Aicme I

10 % de réir lín nó meáchain, i dtaca le bananaí nach gcomhlíonann ceanglais Aicme I ach a chomhlíonann ceanglais Aicme II, nó, go heisceachtúil, a thagann laistigh de na lamháltais don aicme sin.

(iii) Aicme II

10 % de réir lín nó meáchain, i dtaca le bananaí nach gcomhlíonann ceanglais Aicme II ná na híoscheanglais, cé is moite de tháirge a dhéanann lobhadh nó aon mheath eile difear dó a dhéanann mí- oiriúnach mar bhia don daoine é.

### B. Lamháltais mhéide

I gcás gach aicme, 10 % de réir lín bananaí d'fhoghrúpaí Gros Michel agus Cavendish nach gcomhlíonann na saintréithe toisithe, suas le 1 cm don fhad íosta 14 cm seachas i gcás bananaí a tháirgtear i Maidéara, sna hAsóir, san Algarve, sna hOileáin Chanáracha, sa Chréit, Lakonia agus an Chipir.

## V. FORÁLACHA MAIDIR LE CUR I LÁTHAIR

### A. Aonfhoirmeacht

Ní mór d'ábhar gach aon phacáiste a bheith aonfhoirmeach agus bananaí den tionscnamh, den chineál agus/nó den chineál tráchtála, agus den cháilíocht chéanna amháin laistigh de.

Ní mór an chuid d'inneachar an phacáiste atá infheicthe a bheith ionadaíoch ar an inneachar ar fad.

### B. Pacáistiú

Ní mór na bananaí a phacáil ar bhealach lena mbeidh cosaint cheart ag na táirgí.

Ní mór na hábhair a úsáidtear laistigh den phacáiste a bheith úr, glan agus de chineál lena seachnófar aon dul in olcas seachtrach nó inmheánach do na táirgí. Ceadaítear ábhair a úsáid amhail, go háirithe, páipéar beartán nó lipéid

ghreamaitheacha a bhfuil tásca tráchtála orthu ar choinníoll go ndéantar an phriontáil agus ann lipéadú le dúch nó gliú neamhthocsaineach.

Ní mór gach pacáiste a bheith saor ó gach ábhar coimhthíoch.

**C. Cur i Láthair**

Féadfar na bannanaí a chur i láthair i lámha, i mbraislí (codanna lámha) nó mar mhéara aonair.

Tá an gas stróicthe ach gearrtha go glan.

Féadfar bananaí a mhargú sna réigiúnacha táirgthe de réir an ghais.

## VI. FORÁLACHA MAIDIR LE MARCÁIL

Ní mór na mionsonraí seo a leanas a léiriú ar gach pacáiste, i litreacha arna ngrúpáil ar an taobh céanna, iad marcáilte go soléite agus go doscriosta, agus infheicthe ón taobh amuigh:

**A. Aitheantas**

Ainm agus seoladh nó trádmharc traidisiúnta an phacálaí agus/nó an tseoltóra a eisítear nó a aithnítear go hoifigiúil.

**B. Cineál na dtáirgí**

– an focal 'Bananaí' mura bhfuil an t-inneachar le feiceáil ón taobh amuigh,

– ainm an chineáil nó an chineáil tráchtála.

**C. Tionscnamh na dtáirgí**

Tír thionscnaimh agus i gcás earraí an Aontais:

– limistéar táirgthe, agus

– (go roghnach) ainm náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil.

**D. Sonraíochtaí tráchtála**

– Aicme,

– glanmheáchan,

– méid, arna sloinneadh mar íosfhad agus, go roghnach, mar fhad uasta.

**E. Marc oifigiúil cáilíochta (roghnach)**

**Aguisín**

**Liosta na bpríomhghrúpaí, na bhfoghrúpaí agus saothróga bananaí milseoige a chuirtear ar an margadh san Aontas**

| Grúpaí | Foghrúpaí | Príomhshaothróg (liosta nach bhfuil uileghabhálach) |
|---|---|---|
| AA | Fige mhilis | Fige mhilis, Pisang Mas, Amas Date, Bocadillo |
| AB | Ney-Poovan | Ney Poovan, Safet Velchi |
| AAA | Cavendish | Cavendish Abhcach |
| | | Cavendish Mór |
| | | Lacatan |
| | | Poyo (Robusta) |
| | | Williams |
| | | Americani |
| | | Valery |
| | | Arvis |
| | Gros Michel | Gros Michel (‘Big Mike’) |
| | | Highgate |
| | Hibridí | Flhorban 920 |
| | Fige bhándearg | Figue Rose |
| | | Figue Rose Verte |
| | Ibota | |
| AAB | Fig apple | Fig apple, Silk |
| | Pome (Prata) | Pacovan |
| | | Prata Ana |
| | Mysore | Mysore, Pisang Ceylan, Gorolo |

## IARSCRÍBHINN II

**Tábla comhghaoil dá dtagraítear in Airteagal 10**

| Rialachán (AE) Uimh. 543/2011 | Rialachán (AE) Uimh. 1333/2011 | An Rialachán seo | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/ xxxx *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir C(2023) 5449]* |
|---|---|---|---|
| Airteagal 1 | - | Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Airteagal 2 | - | - | - |
| Airteagal 3(1) agus (3) | - | Airteagal 2 | - |
| Airteagal 3(2) | | Airteagal 4 | |
| Airteagal 4 | - | Airteagal 5 | - |
| Airteagal 5 | - | Airteagal 6 | - |
| Airteagal 6 | - | Airteagal 7 | - |
| Airteagal 7 | - | Airteagal 8 | - |
| Airteagal 8 | - | - | - |
| Airteagal 9 | - | - | Airteagal 2 |
| Airteagal 10 | - | - | Airteagal 3 |
| Airteagal 11 | - | - | Airteagal 5 |
| Airteagal 12 | - | - | Airteagal 4 |
| Airteagal 13 | - | - | Airteagal 6 |
| Airteagal 14 | - | - | Airteagal 7 |
| Airteagal 15 | - | Airteagal 9 | Airteagal 8 |
| Airteagal 16 | - | - | Airteagal 9 |
| Airteagal 17 | - | - | Airteagal 10 |
| Airteagal 18 | - | - | Airteagal 11 |
| Airteagail 19 go 151 | - | - | - |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **-** | **Airteagal 1** | **Airteagal 4(1)** | **-** |
| **-** | **Airteagal 2** | **Airteagal 4(2)** | **-** |
| **-** | **Airteagal 3** | **-** | **-** |
| **-** | **Airteagal 4** | **-** | **-** |
| **-** | **Airteagal 5** | **-** | **-** |
| **-** | **Airteagal 6** | **-** | **Airteagal 10** |
| **-** | **Airteagal 7** | **-** | **-** |
| **-** | **Airteagal 8** | **-** | **Airteagal 5** |
| **-** | **Airteagal 9** | **-** | **Airteagal 4** |
| **-** | **Airteagal 10** | **-** | **-** |
| **-** | **Airteagal 11** | **-** | **-** |
| **-** | **Airteagal 12** | **-** | **-** |
| **-** | **Airteagal 13** | **-** | **-** |
| **Iarscríbhinn I** | **-** | **Iarscríbhinn I, Cuid A agus B, Codanna 1 go 10** | |
| **Iarscríbhinn II** | **-** | **-** | **Iarscríbhinn I** |
| **Iarscríbhinn III** | **-** | **-** | **Iarscríbhinn III** |
| **Iarscríbhinn IV** | | **-** | **Iarscríbhinn IV** |
| **Iarscríbhinn V** | | **-** | **Iarscríbhinn V** |
| **Iarscríbhinn V go HIarscríbhinn XX** | **-** | **-** | **-** |
| **-** | **Iarscríbhinn I** | **Iarscríbhinn I Cuid B, Cuid 11** | **-** |
| **-** | **Iarscríbhinn II** | **-** | **Iarscríbhinn III** |
| **-** | **Iarscríbhinn III** | **-** | **Iarscríbhinn II** |
| **-** | **Iarscríbhinn IV** | **Foscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn I Cuid B, Cuid 11** | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **-** | **Iarscríbhinn V** | **-** | **-** |
| **-** | **Iarscríbhinn VI** | **-** | **-** |